2026/2473

4.11.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/2473 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2124 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [2],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gComhaontú maidir le bunú an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir [3] ('Comhaontú CGIM'), soláthraítear creat do chomhar iltaobhach chun forbairt, caomhnú, bainistiú réasúnach agus scothúsáid acmhainní bitheolaíocha na mara a chur chun cinn sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh ar leibhéil a mheastar ina leith go bhfuil siad inbhuanaithe agus go bhfuil riosca íseal ann go dteipfidh orthu, atá bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, agus lena gcuirtear i gcuntas athbhreithnithe rialta ar ghnéithe eacnamaíocha agus sóisialta thionscal na hiascaireachta.

(2) Tá an tAontas, chomh maith leis an mBulgáir, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, Málta, an Rómáin, agus an tSlóivéin, ina bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú CGIM.

(3) Maidir leis na moltaí arna nglacadh ag an gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM), tá siad ina gceangal ar a Pháirtithe Conarthacha. Dá bhrí sin, tá moltaí CGIM ina gceangal ar an Aontas agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais ar bhealach lena n-áiritheofar cothrom na Féinne d'oibreoirí an Aontais *vis-à-vis* oibreoirí ó Pháirtithe Conarthacha eile in CGIM, ach amháin má chumhdaítear na moltaí sin cheana féin le forálacha an Aontais atá ann cheana. Tá an tAontas lena áirithiú go mbunófar gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais lasmuigh d'uiscí an Aontais ar na prionsabail agus na caighdeáin chéanna is infheidhme faoi dhlí an Aontais, agus cothrom na Féinne á cur chun cinn aige d'oibreoirí an Aontais agus oibreoirí ó thríú tíortha. Dá bhrí sin, ní mór moltaí CGIM a thrasuí go docht, chun cothrom na Féinne a bhunú do gach oibreoir, gan ualach a chur orthu thar na hoibleagáidí dlíthiúla a leagtar síos leis na moltaí sin.

(4) Is gá a áirithiú go gcuirfear na moltaí arna nglacadh ag CGIM chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil i ndlí an Aontais, rud a chuirfidh ar a chumas don Aontas a oibleagáidí idirnáisiúnta mar chomhpháirtí idirnáisiúnta iontaofa a chomhlíonadh, agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad go haonfhoirmeach agus go héifeachtach san Aontas, rud a thabharfaidh soiléireacht agus intuarthacht d'oibreoirí soithí iascaireachta an Aontais.

[1] Tuairim an 10 Iúil 2024 (IO C, C/2024/6023, 23.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6023/oj).
[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Meán Fómhair 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2026.
[3] IO L 190, 4.7.1998, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1998/416/oj.

(5) Ar na cúiseanna sin agus ós rud é, de bharr chineál buan mholtaí CGIM, go bhfuil gá le hionstraim bhuan dhlíthiúil a bheith ann chun iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, is iomchuí na moltaí sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais trí bhíthin gníomh reachtach, lena n-áiritheofar soiléireacht dhlíthiúil agus intuarthacht d'oibreoirí an Aontais in uiscí a chumhdaítear le Comhaontú CGIM.

(6) Chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus éifeachtúlacht na mbeart i ndáil leis an eascann Eorpach (*Anguilla anguilla*) arna nglacadh ag CGIM, ba cheart breathnú ar na rialacha sin in éineacht le forálacha eile de chuid an Aontais lena gcumhdaítear freisin an chuid fionnuisce de shaolré na n-eascann Eorpach, lena n-áirítear in uiscí trasdultacha agus goirt, mar shampla murlaigh agus inbhir, i gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), mar aon leis na forálacha ábhartha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle ([5]).

(7) Le Rialachán (AE) 2023/2124 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), leagtar síos forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM. Leis an Rialachán sin, cuirtear moltaí CGIM chun feidhme i ndlí an Aontais.

(8) Ba cheart leis an Rialachán seo bearta áirithe a leagtar síos i moltaí CGIM nach gcumhdaítear go fóill le dlí an Aontais a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(9) Ag a sheisiún bliantúil in 2021, ghlac CGIM Moladh CGIM/44/2021/2 maidir le bunú limistéir shrianta iascaigh in Jabuka/Pomo Pit i Muir Aidriad (fo-limistéar geografach 17), lena leasaítear Moladh CGIM/41/2017/3. Ghlac sé Moladh CGIM/44/2021/5 freisin maidir le bunú limistéir shrianta iascaigh i Murascaill an Leoin (fo-limistéar geografach 7) chun comhbhailiúcháin sceite agus gnáthóga íogaire domhainfharraige a chosaint, lena n-aisghairtear Moladh CGIM/33/2009/1.

(10) Ag a sheisiún bliantúil in 2021, ghlac CGIM Moladh CGIM/44/2021/9 maidir le bearta bainistíochta i dtaca le saothrú inbhuanaithe salán sa Mhuir Dhubh (fo-limistéar geografach 29). Ghlac sé Moladh CGIM/44/2021/10 freisin maidir le bearta bainistíochta i dtaca le hiascach inbhuanaithe fíogach gobach sa Mhuir Dhubh (fo-limistéar geografach 29).

(11) Ag a sheisiún bliantúil in 2021, ghlac CGIM Moltaí CGIM/44/2021/13 maidir le maolú ar thionchair iascach i dtaca le héanlaithe mara sa Mheánmhuir a chaomhnú, CGIM/44/2021/14 maidir le maolú ar thionchair iascach i dtaca le turtair mhara a chaomhnú, CGIM/44/2021/15 maidir le maolú ar thionchair iascach i dtaca le céiticigh a chaomhnú agus CGIM/44/2021/16 maidir le bearta maolúcháin breise i dtaca le healásmabrainciaigh sa Mheánmhuir a chaomhnú.

(12) Ag a sheisiún bliantúil in 2021, ghlac CGIM Moladh CGIM/44/2021/17 maidir le scéim um dhoiciméadú gabhála turbard sa Mhuir Dhubh (fo-limistéar geografach 29).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athshlánú (IO L 248, 22.9.2007, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/1100/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2023/2124 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2023 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) (IO L, 2023/2124, 12.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2124/oj).

(13) Ag a sheisiún bliantúil in 2021, ghlac CGIM Moladh CGIM/44/2021/19 maidir le bunú liosta soithí a meastar go raibh iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte ar bun acu, lena n-aisghairtear Moladh CGIM/33/2009/8. Ní chumhdaítear ach go páirteach ábhar an Mholta sin le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle ([7]).

(14) Ag a sheisiún bliantúil in 2021, ghlac CGIM Moladh CGIM/44/2021/20 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um shaothrú inbhuanaithe stoc peiligeach beag i Muir Aidriad (fo-limistéir gheografacha 17 agus 18).

(15) Ag a sheisiún bliantúil in 2022, ghlac CGIM Moladh CGIM/45/2022/2 maidir le plean bainistíochta um shaothrú inbhuanaithe an choiréalaigh dheirg sa Mheánmhuir, lena leasaítear Moladh CGIM/43/2019/4.

(16) Ag a sheisiún bliantúil in 2022, ghlac CGIM Moladh CGIM/45/2022/3 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um shaothrú inbhuanaithe deargán i Muir Alboran (fo-limistéir gheografacha 1 go 3), lena n-aisghairtear Moltaí CGIM/44/2021/4, CGIM/43/2019/2 agus CGIM/41/2017/2.

(17) Ag a sheisiún bliantúil in 2022, ghlac CGIM Moladh CGIM/45/2022/4 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um shaothrú inbhuanaithe stoc grinnill i gCaolas na Sicile (fo-limistéir gheografacha 12 go 16), lena n-aisghairtear Moltaí CGIM/44/2021/12 agus CGIM/42/2018/5.

(18) Ag a sheisiún bliantúil in 2022, ghlac CGIM Moladh CGIM/45/2022/5 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um shaothrú inbhuanaithe stoc séaclaí móra dearga agus séaclaí gorma agus dearga i gCaolas na Sicile (fo-limistéir gheografacha 12 go 16), lena n-aisghairtear Moltaí CGIM/44/2021/7 agus CGIM/43/2019/6.

(19) Ag a sheisiún bliantúil in 2022, ghlac CGIM Moladh CGIM/45/2022/6 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um shaothrú inbhuanaithe stoc séaclaí móra dearga agus séaclaí gorma agus dearga sa Mhuir Iónach (fo-limistéir gheografacha 19 go 21), lena n-aisghairtear Moltaí CGIM/44/2021/8 agus CGIM/42/2018/4.

(20) Ag a sheisiún bliantúil in 2022, ghlac CGIM Moladh CGIM/45/2022/7 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um iascaigh tráil ghrinnill inbhuanaithe a bhíonn ag díriú ar shéaclaí móra dearga agus ar shéaclaí gorma agus dearga i Muir na Leiveainte (fo-limistéir gheografacha 24 go 27), lena n-aisghairtear Moladh CGIM/42/2018/3.

(21) Ag a sheisiún bliantúil in 2022, ghlac CGIM Moladh CGIM/45/2022/12 maidir le sraith rialacha íosta a bhunú le haghaidh iascaigh áineasa inbhuanaithe sa Mheánmhuir.

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Aontais chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1005/oj).

(22) Ag a sheisiún bliantúil in 2022, ghlac CGIM Moladh CGIM/45/2022/14 maidir le rialáil trasloingsithe i limistéar chur i bhfeidhm CGIM.

(23) Ag a sheisiún bliantúil in 2022, ghlac CGIM Moladh CGIM/45/2022/15 maidir le scéim cigireachta agus faireachais chomhpháirtigh idirnáisiúnta lasmuigh de na huiscí atá faoi dhlínse náisiúnta i gCaolas na Sicile (fo-limistéir gheografacha 12 go 16), lena leasaítear Moladh CGIM/41/2017/8 agus lena n-aisghairtear Moladh CGIM/42/2018/6. Ghlac sé Moladh CGIM/45/2022/16 freisin maidir le scéimeanna cigireachta agus faireachais comhpháirteacha idirnáisiúnta lasmuigh de na huiscí atá faoi dhlínse náisiúnta sa Mhuir Iónach (fo-limistéir gheografacha 19 go 21).

(24) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/16 maidir le plean bainistíochta fadtéarmach don eascann Eorpach sa Mheánmhuir, lena n-aisghairtear Moltaí CGIM/45/2022/1 agus CGIM/42/2018/1.

(25) Chun a áirithiú nach gcuirfidh feistí comhthiomsaithe éisc (FADanna) caillte a thuilleadh le truailliú plaisteach muirí, ba cheart FADanna a dhéanamh go heisiach as ábhair in-bhithdhíghrádaithe ón 15 Lúnasa 2027.

(26) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le comhar agus malartú faisnéise le Rúnaíocht CGIM agus i ndáil le formáid agus tarchur na n-iarratas maidir le laethanta a thabhairt ar aghaidh mar gheall ar dhrochaimsir sa séasúr coiscthe d'iascaigh dorád agus an tuarascáil ar an tabhairt ar aghaidh sin, agus an tuarascáil i gcomhthéacs sonraí a bhailiú i ndáil le hiascaigh dorád. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

(27) Chun a áirithiú go leanfaidh an tAontas dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Chomhaontú CGIM, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na leasuithe sin, atá tagtha chun bheith ina gceangal ar an Aontas, a chur chun feidhme i ndlí an Aontais ar na bearta CGIM atá curtha chun feidhme cheana féin i ndlí an Aontais a mhéid a bhaineann le tarchur liosta na soithí atá údaraithe lena n-áireamh i gclár CGIM chuig Rúnaíocht CGIM; na maoluithe ar bhearta caomhnaithe i ndáil leis an gcoiréalach dearg; cur chun feidhme na buanscéime um dhoiciméadú gabhála coiréalach dearg agus turbard; bearta arna ndéanamh ag stát an chalafoirt; tábla, léarscáil agus comhordanáidí geografacha fho-limistéir gheografacha CGIM; nósanna imeachta cigireachta arna ndéanamh ag stát an chalafoirt maidir le soithí; dearbhuithe trasloingsithe; tuarascálacha amhairc agus maitrísí staidrimh CGIM. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([9]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(28) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/2124 a leasú dá réir sin.

(29) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) agus thug an Maoirseoir tuairim an 25 Meitheamh 2024,

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

([9]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj).

([10]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/2124

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/2124 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

'Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas i dteannta na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, Airteagal 2, pointí (1) go (4), de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle (*), Airteagal 2, pointí (1) go (13), de Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) agus Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***):

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj).

(**) Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 (IO L 172, 26.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1022/oj).

(***) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj).';

(b) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

'(9) ciallaíonn "limistéar srianta iascaigh" limistéar a shainítear go geografach ina bhfuil toirmeasc nó srian sealadach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta sonracha áirithe chun feabhas a chur ar chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara i limistéar Chomhaontú CGIM;

(10) ciallaíonn "láthair tabhairt i dtír ainmnithe" calafort, nó áit gar don chladach, críochfort amach ón gcósta nó suiteáil eile chun tabhairt i dtír, trasloingsiú, pacáistiú, nó próiseáil a dhéanamh, nó chun athbhreoslú nó athsholáthar a dhéanamh ar shoithí iascaireachta, i gcás ina gceadaítear tabhairt i dtír, trasloingsithe, oibríochtaí pacáistithe nó próiseála táirgí iascaigh, arna n-ainmniú ag páirtithe conarthacha in CGIM agus ag na páirtithe comhoibríocha neamhchonarthacha faoin scéim réigiúnach maidir le bearta stát an chalafoirt chun gníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte i limistéar Chomhaontú CGIM a chomhrac;

(11) ciallaíonn “deimhniú gabhála” doiciméad oifigiúil a ghabhann le coinsíneacht agus atá bailíochtaithe ag an údarás inniúil, lena gceadaítear faisnéis chruinn infhíoraithe a chur ar aghaidh a bhaineann le táirgí iascaigh ar fud an tslabhra soláthair;

(12) ciallaíonn “scéim um dhoiciméadú gabhála” córas a bunaíodh i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta ábhartha, a bhfuil sé de phríomhchuspóir aige cuidiú le cinneadh a dhéanamh, ar fud an tslabhra soláthair, maidir leis an táirge iascaigh, an de thionscnamh gabhálacha atá i gcomhréir le bearta caomhnúcháin idirnáisiúnta, réigiúnacha agus náisiúnta is infheidhme é.’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

‘*Airteagal 4*

Raon feidhme

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gach gníomhaíocht iascaireachta ina ngabhtar an eascann Eorpach (*Anguilla anguilla*), eadhon iascaigh spriocdhírithe, theagmhasacha agus áineasa, in uiscí uile na Meánmhara dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear fionnuiscí agus uiscí trasdultacha agus goirt, amhail murlaigh agus inbhir.’;

(3) in Airteagal 12, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘4. Bunóidh na Ballstáit córas inrianaitheachta maidir le tabhairt i dtír, díolacháin agus onnmhairí lena bhféadfar gabhálacha a rianú ón láthair tabhairt i dtír ainmnithe go dtí an ceann scríbe deiridh, gan beann ar cé acu a dhíoltar nó nach ndíoltar na heiseamail beo, marbh nó claochlaithe.

5. Déanfaidh na Ballstáit liosta a choinneáil ar bun agus a choimeád cothrom le dáta de na hallaí ceantála, na comhlachtaí nó na daoine atá údaraithe ag an mBallstát sin chun eascanna Eorpacha a chur ar an margadh don chéad uair.’;

(4) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 12a*

Bailiú sonraí

1. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún, nó chuig comhlacht arna ainmniú aige, na sonraí atá ar fáil, lena n-áirítear meastacháin in áit inarb eol go bhfuil iascaireacht NNN ag tarlú. Déanfaidh an Coimisiún, nó comhlacht arna ainmniú aige, an fhaisnéis maidir le hiascaireacht NNN a tharchur chuig Rúnaíocht CGIM a luaithe is féidir.

2. Cuirfidh na Ballstáit sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí ramhraithe in iúl don Choimisiún faoin 15 Nollaig gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún na sonraí sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Nollaig gach bliain.

3. Ar bhonn deonach, féadfaidh na Ballstáit faisnéis bhreise a tharchur chuig an gCoimisiún, a tharchuirfidh chuig Rúnaíocht CGIM í.’;

(5) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 14a*

Bearta bainistíochta cabhlach

Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh acmhainneacht fhoriomlán cabhlaigh nó iarracht iascaireachta na gcabhlach a oibríonn le tráil ghrinnill, a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar phríomhstoic a liostaítear in Airteagal 13, i dtéarmaí olltonnáiste (OT), cumhacht innill (kW) agus líon soithí, mar a thaifeadtar i gcláir náisiúnta agus CGIM araon, le linn ré an phlean bainistíochta ábhartha, thar an líon soithí nó an iarracht iascaireachta le haghaidh soithí tráil dobharchú a dhéanann iascaireacht ar shéaclaí dearga domhainmhara le linn na tréimshe 2014 go 2017, nó thar thréimhse 3 bliana as a chéile amhail an tréimshe 2015 go 2018, ar choinníoll nach mó an méadú, i dtéarmaí OT, kW agus líon na soithí, ná 50 % i gcomparáid le tréimhse thagartha 2014-2017.’;

(6) leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Márta gach bliain, liosta de na soithí iascaireachta uile a bheidh údaraithe iascaireacht a dhéanamh ar na speicis a liostaítear in Airteagal 13 agus a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar na speicis sin i mbliain ar leith. Tarchuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Márta gach bliain. Áireofar ar an liosta sin, i gcás gach soithigh, an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. Ní cheadófar do shoithí a oibríonn le tráil dobharchú faoi raon feidhme na roinne seo gníomhaíochtaí iascaireachta sonracha a dhéanamh ach amháin i gcás ina sonraítear na gníomhaíochtaí sin in údarú iascaireachta bailí a eiseoidh na húdaráis inniúla.’;

(7) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

‘(3) gabháil agus aischur iomlán.’;

(8) leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Srianta ama’;

(b) scriostar mír 1;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘1a. Trálaeir ghrinnill atá spriocdhírithe ar chomhbhailiúcháin sceite de shéaclaí móra dearga agus de shéaclaí gorma agus dearga, stopfaidh siad d’iascaireacht a dhéanamh ar feadh 30 lá as a chéile idir mí an Mhárta agus mí na Nollag gach bliain.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Cuirfidh na Ballstáit na srianta ama dá dtagraítear i mír 1a in iúl don Choimisiún faoin 15 Meitheamh gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Meitheamh gach bliain.’;

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

‘*Airteagal 18*

Oibleagáidí tuairiscithe

D’ainneoin Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, dearbhóidh iascairí nó máistrí soithí iascaireachta údaraithe a dhéanann iascaireacht ghníomhach faoi raon feidhme na roinne seo gach gabháil agus foghabháil de shéacla mór dearg agus de shéacla gorm agus dearg, beag beann ar bheomheáchan na gabhála.

Gan dochar d’Airteagal 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, déanfaidh gach Ballstát faireachán ar ídiú a theorainneacha gabhála agus, faoin gcúigiú lá déag de gach mí le haghaidh na míosa roimhe sin, cuirfidh siad in iúl don Choimisiún tuarascálacha maidir le gabhálacha, ag tosú ón dáta ar a mbeidh 80 % dá chuóta ídithe.

Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin in iúl do Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

Nuair a bhaintear amach an teorainn ghabhála, toirmeascfaidh an Ballstát lena mbaineann aon ghabháil eile de na príomhstoic a liostaítear in Airteagal 13.’;

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20:

‘*Airteagal 20*

Córas um fhaireachán soithí

D’ainneoin Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, maidir leis na soithí uile ar mó ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán a dhéanann iascaireacht ghníomhach faoi raon feidhme na roinne seo, beidh siad feistithe le córas saitilítbhunaithe um fhaireachán soithí (VMS).

De mhaolú ar an gcéad mhír, féadfaidh Ballstát cead a thabhairt do shoitheach is lú ná 15 mhéadar a fhad foriomlán oibriú gan VMS go dtí an 8 Eanáir 2026, ar choinníoll go n-oibríonn soitheach den sórt sin go heisiach laistigh d’uiscí ar thaobh na talún de teorainneacha forimeallacha uiscí teorann an Bhallstáit sin nó ar choinníoll nach gcaitheann sé níos mó ná 24 uair an chloig ar muir ón am imeachta go dtí go bhfilleann siad ar an gcalafort.

Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún láithreach aon mhaolú a chuireann siad i bhfeidhm de bhun an dara mír, chomh maith le haon mhodh rialaithe a úsáideann siad chun faireachán a dhéanamh ar shoithí ar lú ná 15 mhéadar a bhfad foriomlán. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.’;

(11) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 21a*

Bearta bainistíochta iascaigh nó pleananna bainistíochta náisiúnta

1. Glacfaidh na Ballstáit bearta leordhóthanacha bainistíochta iascaigh nó pleananna bainistíochta náisiúnta faoi raon feidhme na roinne seo agus é mar aidhm leo a áirithiú go mbeidh saothrú an tséacla mhóir dheirg agus an tséacla ghoirm agus dheirg ar leibhéal lena n-áirithítear go sroicheann na pobail leibhéil atá in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh, agus go gcoinnítear ar na leibhéil sin iad, i gcomhréir leis an bplean bainistíochta ábhartha don séacla mór dearg agus don séacla gorm agus dearg.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Aibreán gach bliain, na bearta bainistíochta nó na pleananna bainistíochta náisiúnta a glacadh de bhun mhír 1 agus aon mhodhnú a dhéanfar ar na bearta nó ar na pleananna sin. Tarchuirfidh an Coimisiún na bearta nó pleananna sin agus na modhnaithe orthu chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán gach bliain.’;

(12) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

‘*Airteagal 23a*

Bearta bainistíochta cabhlach

Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh acmhainneacht fhoriomlán cabhlaigh na gcabhlach a oibríonn le tráil ghrinnill a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar phríomhstoic a liostaítear in Airteagal 22, i dtéarmaí OT, kW agus líon na soithí, mar a thaifeadtar i gcláir náisiúnta agus i gcláir CGIM araon, le linn ré an phlean bainistíochta ábhartha, thar acmhainneacht an chabhlaigh le haghaidh soithí tráil dobharchú a dhéanann iascaireacht ar shéaclaí móra dearga agus ar shéaclaí gorma agus dearga sa bhliain 2019.’;

(13) leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Eanáir gach bliain, liostaí de na soithí iascaireachta uile a bhfuil a mbratach ar foluain acu a bheidh údaraithe iascaireacht a dhéanamh na speicis a liostaítear in Airteagal 22 agus a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar na speicis sin i mbliain ar leith. Tarchuirfidh an Coimisiún na liostaí sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Márta gach bliain. Áireofar ar na liostaí sin, i gcás gach soithigh, an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'4. Ní cheadófar do shoithí a oibríonn le tráil dobharchú faoi raon feidhme na roinne seo gníomhaíochtaí iascaireachta sonracha a dhéanamh ach amháin i gcás ina sonraítear na gníomhaíochtaí sin in údarú iascaireachta bailí a eiseoidh na húdaráis inniúla.';

(14) in Airteagal 25, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

'(3) gabháil iomlán agus aischur iomlán.';

(15) leasaítear Airteagal 26 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Srianta ama';

(b) scriostar mír 1;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'1a. Trálaeir ghrinnill atá spriocdhírithe ar chomhbhailiúcháin sceite de shéaclaí móra dearga agus de shéaclaí gorma agus dearga, stopfaidh siad d'iascaireacht a dhéanamh ar feadh 30 lá as a chéile idir mí an Mhárta agus mí na Nollag gach bliain.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Cuirfidh na Ballstáit na srianta ama dá dtagraítear i mír 1a in iúl don Choimisiún faoin 15 Meitheamh gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Meitheamh gach bliain.';

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27:

'*Airteagal 27*

Oibleagáidí tuairiscithe

D'ainneoin Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, dearbhóidh iascairí nó máistrí soithí iascaireachta údaraithe a dhéanann iascaireacht ghníomhach faoi raon feidhme na roinne seo gach gabháil agus foghabháil de shéaclaí móra dearga agus de shéaclaí gorma agus dearga, gan beann ar bheomheáchan na gabhála.

Gan dochar d'Airteagal 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, déanfaidh gach Ballstát faireachán ar ídiú na dteorainneacha gabhála. Amhail ón dáta ar a mbeidh 80 % den chuóta ídithe, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann in iúl don Choimisiún tuarascálacha míosúla maidir le gabháil.

Tuairisceoidh an Coimisiún an fhaisnéis sin do Rúnaíocht CGIM gan mhoill. Seolfar tuarascálacha den sórt sin faoin gcúigiú lá déag de gach mí le haghaidh na míosa roimhe sin. Nuair a bhaintear amach an teorainn ghabhála, toirmeascfaidh an Ballstát aon ghabháil eile de na príomhstoic a liostaítear in Airteagal 22.';

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29:

'*Airteagal 29*

Córas um fhaireachán soithí

D'ainneoin Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, maidir leis na soithí uile ar mó ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán a dhéanann iascaireacht ghníomhach faoi raon feidhme na roinne seo, beidh siad feistithe le VMS saitilítbhunaithe.

De mhaolú ar an gcéad mhír, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do shoitheach ar lú ná 15 mhéadar a fhad foriomlán oibriú gan VMS satailítbhunaithe go dtí an 8 Eanáir 2026, ar choinníoll go n-oibríonn soitheach den sórt sin go heisiach laistigh d'uiscí atá ar thaobh na talún de theorainneacha forimeallacha uiscí teorann an Bhallstáit sin nó ar choinníoll nach gcaitheann sé níos mó ná 24 uair an chloig ar muir ón am imeachta go dtí go bhfilleann siad ar an gcalafort.

Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún láithreach aon mhaolú a chuireann sé i bhfeidhm de bhun an dara mír, chomh maith le haon mhodh rialaithe a úsáideann sé chun faireachán a dhéanamh ar shoithí ar lú ná 15 mhéadar a bhfad foriomlán. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.';

(18) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'*Airteagal 30a*

Bearta bainistíochta iascaigh nó pleananna bainistíochta náisiúnta

1. Glacfaidh na Ballstáit bearta leordhóthanacha bainistíochta iascaigh nó pleananna bainistíochta náisiúnta faoi raon feidhme na roinne seo agus é mar aidhm leo a áirithiú go mbeidh saothrú an tséacla mhóir dheirg agus an tséacla ghoirm agus dheirg ar leibhéal lena n-áirithítear go sroicheann na pobail leibhéil atá in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh, agus go gcoinnítear ar na leibhéil sin iad, i gcomhréir leis an bplean bainistíochta ábhartha don séacla mór dearg agus don séacla gorm agus dearg.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Aibreán gach bliain, na bearta bainistíochta nó na pleananna bainistíochta náisiúnta a glacadh de bhun mhír 1 agus aon mhodhnú a dhéanfar ar na bearta nó ar na pleananna sin. Tarchuirfidh an Coimisiún na bearta nó pleananna sin agus na modhnaithe orthu chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán gach bliain.

Airteagal 30b

Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta

1. Féadfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais a dhéanamh faoi raon feidhme na roinne seo faoi chuimsiú Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta ("an Scéim") lena gcumhdaítear na huiscí atá lasmuigh de dhlínse náisiúnta i bhfo-limistéir gheografacha CGIM 19, 20 agus 21 (an Mhuir Iónach), mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I ("an limistéar cigireachta agus faireachais").

2. Féadfaidh na Ballstáit cigirí agus modhanna cigireachta a shannadh agus féadfaidh siad cigireachtaí a dhéanamh faoin Scéim. Féadfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige cigirí de chuid an Aontais a shannadh freisin don Scéim.

3. Comhordóidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige na gníomhaíochtaí faireachais agus cigireachta don Aontas agus féadfaidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, plean comhpháirteach imscartha a tharraingt suas chun é a chur ar a chumas don Aontas a oibleagáid faoin Scéim a chomhlíonadh. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cur chun feidhme na bpleananna sin a éascú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na hacmhainní daonna agus ábhair is gá agus maidir leis na tréimhsí agus na limistéir gheografacha ina n-úsáidfear na hacmhainní sin.

4. Tabharfaidh gach Ballstát, faoin 15 Samhain gach bliain, fógra don Choimisiún nó do chomhlacht arna ainmniú aige faoi liosta ainmneacha a chigirí atá údaraithe chun na gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais a dhéanamh sa limistéar dá dtagraítear i mír 1, mar aon le hainmneacha na soithí agus na n-aerárthaí a úsáidtear le haghaidh cigireachta agus faireachais a bhfuil sé beartaithe acu iad a shannadh don Scéim don bhliain dár gcionn. Seolfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM faoin 1 Nollaig gach bliain nó a luaithe is féidir sula gcuirfear tús leis na gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais sin.

5. Beidh i seilbh cigirí arna sannadh don Scéim cárta cigire CGIM arna eisiúint ag na húdaráis inniúla, a bheidh san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

6. Beidh bratach nó bratainn speisialta, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V, ar foluain ar shoithí agus dualgais bhordála agus chigireachta á gcomhlíonadh acu.

7. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh gach ardán cigireachta atá i dteideal a bhratach a chur ar foluain agus atá ag oibriú sa limistéar dá dtagraítear i mír 1 teagmháil shábháilte, go laethúil nuair is féidir, le gach ardán cigireachta eile atá ag feidhmiú sa limistéar sin, chun faisnéis a mhalartú is gá chun na gníomhaíochtaí a chomhordú.

8. Tabharfaidh gach Ballstát, a bhfuil láithreacht aige sa limistéar chun cigireacht nó faireachas a dhéanamh dá dtagraítear i mír 1, liosta de na hamhairc a bhunaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn VII agus de na bordálacha agus de na cigireachtaí a rinne sé sa tréimhse 10 lá roimhe sin, lena n-áirítear dátaí, comhordanáidí agus aon fhaisnéis ábhartha eile, do gach ardán cigireachta ar theacht isteach sa limistéar sin dó.

Airteagal 30c

Cigireachtaí a dhéanamh

1. Déanfaidh cigirí arna sannadh don Scéim an méid seo a leanas:

(a) fógra a thabhairt don soitheach iascaireachta roimh bhordáil dóibh faoi ainm an tsoithigh cigireachta;

(b) an bhratainn a bhfuil tuairisc uirthi in Iarscríbhinn V a chur ar taispeáint ar an soitheach cigireachta agus ar an soitheach bordála;

(c) gach foireann cigireachta a theorannú do thriúr cigirí ar a mhéad.

2. Ag dul ar bord an tsoithigh dóibh, taispeánfaidh na cigirí do mháistir an tsoithigh sin an cárta aitheantais do chigirí CGIM a bhfuil tuairisc air in Iarscríbhinn IV. Déanfar cigireachtaí i gceann de theangacha oifigiúla CGIM agus, i gcás inar féidir, sa teanga a labhraíonn máistir an tsoithigh iascaireachta.

3. Tarraingeoidh na cigirí suas tuarascáil ar an gcigireacht san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

4. Síneoidh na cigirí an tuarascáil i láthair mháistir an tsoithigh agus beidh an máistir sin i dteideal aon bharúlacha a mheasann máistir an tsoithigh a bheith oiriúnach a chur leis an tuarascáil. Síneoidh máistir an tsoithigh an tuarascáil freisin.

5. Tabharfar cóipeanna den tuarascáil do mháistir an tsoithigh agus d'údaráis na buíne cigireachta, agus tarchuirfidh siad cóipeanna chuig údaráis Stát brataí an tsoithigh ar a ndearnadh cigireacht agus chuig an gCoimisiún nó chuig comhlacht arna ainmniú aige. Cuirfidh an Coimisiún cóip den tuarascáil ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.

6. Déanfaidh oifigeach ceannais an tsoithigh cigireachta méid na buíne cigireachta agus fad na cigireachta a shocrú, agus na cúinsí ábhartha uile á gcur san áireamh aige.

Airteagal 30d

Sáruithe

1. Chun críocha an Airteagail seo, measfar gur sáruithe iad na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(b) cur isteach ar an gcóras faireacháin satailíte; agus

(c) oibriú gan VMS.

2. I gcás ina ndéantar aon bhordáil nó cigireacht ar shoitheach iascaireachta agus ina mbraitheann na cigirí sárú lena linn sin, cuirfidh údaráis Bhallstát brataí an tsoithigh cigireachta an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige, ar an eolas faoi láithreach, agus tabharfaidh sé fógra do Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta ar a ndearnadh cigireacht go díreach agus trí bhíthin Rúnaíocht CGIM. Cuirfidh siad aon long chigireachta ó Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta a thuigtear a bheith sa cheantar ar an eolas freisin.

3. Tar éis cigireacht ina mbraitear sárú lena linn, áiritheoidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta go gcuirfidh an soitheach iascaireachta ábhartha stop le gach gníomhaíocht iascaireachta. Ceanglóidh an Ballstát brataí ar an soitheach iascaireachta dul chuig calafort arna ainmniú aige laistigh de 72 uair an chloig, áit a gcuirfear tús le himscrúdú.

4. I gcás ina mbraitear sárú le linn cigireachta, fógrófar don Choimisiún nó don chomhlacht arna ainmniú aige na bearta agus an obair leantach a rinne an Ballstát brataí. Cuirfidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an beart agus an obair leantach a rinneadh ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.

5. Gníomhóidh údaráis na mBallstát ar bhonn tuarascálacha cigireachta, dá dtagraítear in Airteagal 30c(3), bileog faisnéise amhairc, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII, agus ráitis a thagann as cigireachtaí doiciméadacha arna ndéanamh ag cigirí ar an gcaoi chéanna agus iad ag déanamh beart ar bhonn tuarascálacha agus ráitis ó chigirí náisiúnta.';

(19) leasaítear Airteagal 34 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Márta gach bliain, liostaí de na soithí iascaireachta uile a bhfuil a mbratach ar foluain acu a bheidh údaraithe iascaireacht a dhéanamh ar na speicis a liostaítear in Airteagal 31 agus a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar na speicis sin i mbliain ar leith. Tarchuirfidh an Coimisiún na liostaí sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Márta gach bliain. Áireofar ar an liosta sin, i gcás gach soithigh, an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Ní cheadófar do shoithí a oibríonn le tráil dobharchú faoi raon feidhme na roinne seo gníomhaíochtaí iascaireachta sonracha a dhéanamh ach amháin i gcás ina sonraítear na gníomhaíochtaí sin in údarú iascaireachta bailí arna eisiúint ag na húdaráis inniúla.’;

(20) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 35:

‘*Airteagal 35*

Gníomhaíochtaí iascaireachta

Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Lúnasa gach bliain, tuarascáil mhionsonraithe maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta a rinne soithí iascaireachta a oibríonn faoi raon feidhme na roinne seo le haghaidh na bliana roimhe sin i bhformáid chomhiomlánaithe. Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Lúnasa gach bliain. Áireofar sa tuarascáil sin ar a laghad na nithe seo a leanas:

(1) laethanta oibríochta;

(2) limistéar oibríochta;

(3) gabháil agus aischur iomlán na bpríomhspeiceas a liostaítear in Airteagal 31.’;

(21) leasaítear Airteagal 36 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Srianta ama’;

(b) scriostar mír 1;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘1a. Trálaeir ghrinnill atá spriocdhírithe ar chomhbhailiúcháin sceite de shéaclaí móra dearga agus de shéaclaí gorma agus dearga, stopfaidh siad d’iascaireacht a dhéanamh ar feadh 30 lá as a chéile idir mí an Mhárta agus mí na Nollag gach bliain’;.

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Cuirfidh na Ballstáit na srianta ama dá dtagraítear i mír 1a in iúl don Choimisiún faoin 15 Meitheamh gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Meitheamh gach bliain.’;

(22) leasaítear Airteagal 37 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ainmneoidh na Ballstáit na láithreacha tabhairt i dtír ina ndéanfaidh na soithí a dhéanann iascaireacht ghníomhach faoi raon feidhme na roinne seo tabhairt i dtír. I gcás gach calafoirt ainmnithe sonróidh na Ballstáit na hamanna agus na háiteanna ina gceadófar tabhairt i dtír agus trasloingsiú.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún aon athrú ar liosta na láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe dá dtagraítear i mír 1 faoin 15 Samhain gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Samhain gach bliain.’;

(23) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 37a*

Bearta bainistíochta iascaigh nó pleananna bainistíochta náisiúnta

Glacfaidh na Ballstáit bearta leordhóthanacha bainistíochta iascaigh nó pleananna bainistíochta náisiúnta faoi raon feidhme na roinne seo agus é mar aidhm leo a áirithiú go mbeidh saothrú an tséacla mhóir dheirg agus an tséacla ghoirm agus dheirg ar leibhéal lena n-áirithítear go sroicheann na pobail leibhéil atá in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh, agus go gcoinnítear ar na leibhéil sin iad, i gcomhréir leis an bplean bainistíochta ábhartha don séacla mór dearg agus don séacla gorm agus dearg.

Airteagal 37b

Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta

1. Féadfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais a dhéanamh faoi raon feidhme na roinne seo faoi chuimsiú Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta (“an Scéim”) lena gcumhdaítear na huiscí atá lasmuigh de dhlínse náisiúnta i bhfo-limistéir gheografacha CGIM 12, 13, 14, 15 agus 16 (Caolas na Sicile), mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I (“an limistéar cigireachta agus faireachais”).

2. Féadfaidh na Ballstáit cigirí agus modhanna cigireachta a shannadh agus féadfaidh siad cigireachtaí a dhéanamh faoin Scéim. Féadfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige cigirí de chuid an Aontais a shannadh freisin don Scéim.

3. Comhordóidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige na gníomhaíochtaí faireachais agus cigireachta don Aontas agus féadfaidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, plean comhpháirteach imscartha a tharraingt suas chun é a chur ar a chumas don Aontas a oibleagáid faoin Scéim a chomhlíonadh. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cur chun feidhme na bpleananna sin a éascú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na hacmhainní daonna agus ábhair is gá agus maidir leis na tréimhsí agus na limistéir gheografacha ina n-úsáidfear na hacmhainní sin.

4. Tabharfaidh gach Ballstát faoin 15 Samhain gach bliain, fógra don Choimisiún nó do chomhlacht arna ainmniú aige faoi liosta ainmneacha a chigirí atá údaraithe chun na gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais a dhéanamh sa limistéar dá dtagraítear i mír 1, mar aon le hainmneacha na soithí agus na n-aerárthaí a úsáidtear le haghaidh cigireachta agus faireachais a bhfuil sé beartaithe acu iad a shannadh don Scéim don bhliain dár gcionn. Seolfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 1 Nollaig gach bliain nó a luaithe is féidir sula gcuirfear tús leis na gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais sin.

5. Beidh i seilbh cigirí arna sannadh don Scéim cárta cigire CGIM arna eisiúint ag na húdaráis inniúla, a bheidh san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

6. Beidh bratach nó bratainn speisialta, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V, ar foluain ar shoithí agus dualgais bhordála agus chigireachta á gcomhlíonadh acu.

7. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh gach ardán cigireachta atá i dteideal a bhratach a chur ar foluain agus atá ag oibriú sa limistéar dá dtagraítear i mír 1 teagmháil shábháilte, go laethúil nuair is féidir, le gach ardán cigireachta eile atá ag feidhmiú sa limistéar sin, chun faisnéis a mhalartú is gá chun na gníomhaíochtaí a chomhordú.

8. Tabharfaidh gach Ballstát, a bhfuil láithreacht aige sa limistéar chun cigireacht nó faireachas a dhéanamh dá dtagraítear i mír 1, liosta de na hamhairc a bhunaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn VII agus de na bordálacha agus de na cigireachtaí a rinne sé sa tréimhse 10 lá roimhe sin, lena n-áirítear dátaí, comhordanáidí agus aon fhaisnéis ábhartha eile, do gach ardán cigireachta ar theacht isteach sa limistéar sin dó.

Airteagal 37c

Cigireachtaí a dhéanamh

1. Déanfaidh cigirí arna sannadh don Scéim an méid seo a leanas:

(a) fógra a thabhairt don soitheach iascaireachta roimh bhordáil dóibh faoi ainm an tsoithigh cigireachta;

(b) an bhratainn a bhfuil tuairisc uirthi in Iarscríbhinn V a chur ar taispeáint ar an soitheach cigireachta agus ar an soitheach bordála;

(c) gach foireann cigireachta a theorannú do thriúr cigirí ar a mhéad.

2. Ag dul ar bord an tsoithigh dóibh, taispeánfaidh na cigirí do mháistir an tsoithigh sin an cárta aitheantais do chigirí CGIM a bhfuil tuairisc air in Iarscríbhinn IV. Déanfar cigireachtaí i gceann de theangacha oifigiúla CGIM agus, i gcás inar féidir, sa teanga a labhraíonn máistir an tsoithigh iascaireachta.

3. Tarraingeoidh na cigirí suas tuarascáil ar an gcigireacht san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

4. Síneoidh na cigirí an tuarascáil i láthair mháistir an tsoithigh agus beidh an máistir sin i dteideal aon bharúlacha a mheasann máistir an tsoithigh a bheith oiriúnach a chur leis an tuarascáil. Síneoidh máistir an tsoithigh an tuarascáil freisin.

5. Tabharfar cóipeanna den tuarascáil do mháistir an tsoithigh agus d'údaráis na buíne cigireachta, agus tarchuirfidh siad cóipeanna chuig údaráis Stát brataí an tsoithigh ar a ndearnadh cigireacht agus chuig an gCoimisiún nó chuig comhlacht arna ainmniú aige. Cuirfidh an Coimisiún cóip den tuarascáil ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.

6. Déanfaidh oifigeach ceannais an tsoithigh cigireachta méid na buíne cigireachta agus fad na cigireachta a shocrú, agus na cúinsí ábhartha uile á gcur san áireamh aige.

Airteagal 37d

Sáruithe

1. Chun críocha an Airteagail seo, measfar gur sáruithe iad na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(b) cur isteach ar an gcóras faireacháin satailíte; agus

(c) oibriú gan VMS.

2. I gcás ina ndéantar aon bhordáil nó cigireacht ar shoitheach iascaireachta agus ina mbraitheann na cigirí sárú lena linn sin, cuirfidh údaráis Bhallstát brataí an tsoithigh cigireachta an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige, ar an eolas faoi láithreach, agus tabharfaidh sé fógra do Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta ar a ndearnadh cigireacht go díreach agus trí bhíthin Rúnaíocht CGIM. Cuirfidh siad aon long chigireachta ó Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta a thuigtear a bheith sa cheantar ar an eolas freisin.

3. Tar éis cigireacht ina mbraitear sárú lena linn, áiritheoidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta go gcuirfidh an soitheach iascaireachta ábhartha stop le gach gníomhaíocht iascaireachta. Ceanglóidh an Ballstát brataí ar an soitheach iascaireachta dul chuig calafort arna ainmniú aige laistigh de 72 uair an chloig, áit a gcuirfear tús le himscrúdú.

4. I gcás ina mbraitear sárú le linn cigireachta, fógrófar don Choimisiún nó don chomhlacht arna ainmniú aige na bearta agus an obair leantach a rinne an Ballstát brataí. Cuirfidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an beart agus an obair leantach a rinneadh ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.

5. Gníomhóidh údaráis na mBallstát ar bhonn tuarascálacha cigireachta, dá dtagraítear in Airteagal 37c(3), bileog faisnéise amhairc, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII, agus ráitis a thagann as cigireachtaí doiciméadacha arna ndéanamh ag cigirí ar an gcaoi chéanna agus iad ag déanamh beart ar bhonn tuarascálacha agus ráitis ó chigirí náisiúnta.';

(24) in Airteagal 44, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Nuair a bhainfear amach tairseach gabhála coiréalaigh dheirg dá dtagraítear i mír 4, druidfidh na Ballstáit an limistéar lena mbaineann ar iascach coiréalaigh dheirg ar fhorais réamhchúraim. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi sin. Cuirfidh an Coimisiún an chóip ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM a luaithe is féidir.';

(25) leasaítear Airteagal 46 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Feithiclí cianoibrithe (FFCanna)';

(b) scriostar míreanna 1 agus 2;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'Ceadófar feithiclí cianoibrithe (FFCanna) a úsáid go dtí deireadh chlár taighde CGIM chun críoch eolaíoch amháin agus laistigh de Bhallstáit a d'údaraigh cláir taighde faoi stiúir institiúidí eolaíocha. Beidh na húdaruithe sin gan dochar do bhearta níos déine arna nglacadh ag na Ballstáit.';

(26) in Airteagal 49, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

'Gan dochar d'fhorálacha níos déine a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, roimh theacht isteach chuig aon chalafort, agus 4 uair an chloig ar a laghad roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach, nó 1 uair an chloig amháin ar a laghad roimh an teacht isteach sin má tá an mheá níos lú ná 4 uair an chloig ón gcalafort teachta, tabharfaidh máistrí na soithí iascaireachta nó a n-ionadaí nó iascairí údaraithe fógra do na húdaráis ábhartha faoin bhfaisnéis seo a leanas:';

(27) leasaítear Airteagal 55 mar a leanas:

(a) scriostar míreanna 1 agus 2;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘3. Cuirfidh na Ballstáit an Scéim pháipéarbhunaithe um dhoiciméadú gabhála coiréalach dearg chun feidhme feadh an tslabhra soláthair ar fad chun inrianaitheacht an choiréalaigh dheirg (Corallium rubrum) a shaothraítear sa Mheánmhuir a áirithiú agus chun rannchuidiú le comhrac na ngníomhaíochtaí iascaireachta NNN.

4. Beidh an Scéim pháipéarbhunaithe um dhoiciméadú gabhála coiréalach dearg arna bunú i gcomhréir le mír 3 gan dochar do chórais inrianaitheachta náisiúnta eile atá i bhfeidhm lena n-áirithíonn na Ballstáit an leibhéal céanna rialaithe ar inrianaitheacht táirgí coiréalaigh dheirg agus áireofar inti an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn X.

5. Beidh feidhm ag an Scéim pháipéarbhunaithe um dhoiciméadú gabhála coiréalach dearg i gcás céad thabhairt i dtír, onnmhairiú agus ath-onnmhairiú. Ní áireofar trádáil intíre sa slabhra bailíochtaithe a leagtar amach i mír 9.

6. Féadfaidh na Ballstáit córas lipéadaithe a bhunú chun nasc a áirithiú idir doiciméid de chuid na Scéime um dhoiciméadú gabhála arna mbailíochtú i gcomhréir le mír 9 agus coinsíneachtaí den choiréalach dearg lena mbaineann siad.

7. Beidh deimhniú saothraithe a leagtar amach in Iarscríbhinn X nó doiciméad coibhéiseach, amhail an deimhniú saothraithe atá i bhfeidhm sna Ballstáit is onnmhaireoirí lena mbaineann, ag gabháil le gach coinsíneacht den choiréalach dhearg a allmhairítear, a onnmhairítear nó a ath-onnmhairítear.

8. Beidh uimhir sainaitheantais doiciméid uathúil ag gach deimhniú saothraithe. Bainfidh an uimhir sin go sonrach leis an mBallstát brataí agus sannfar í do gach iascaire nó soitheach saothraithe. Ní bheidh na deimhnithe saothraithe inaistrithe chuig iascaire nó soitheach saothraithe eile.

9. Bailíochtóidh na Ballstáit deimhnithe saothraithe nuair a shuífear go bhfuil an fhaisnéis go léir atá sa Scéim um dhoiciméadú gabhála coiréalach dearg cruinn mar thoradh ar fhíorú na ndoiciméad tacaíochta agus na coinsíneachta comhfhreagraí.

10. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún nó do chomhlacht arna ainmniú aige maidir lena Scéim um dhoiciméadú gabhála, chomh maith le ceanglais chlibeála agus sainaitheantais a d’fhéadfadh a bheith ann, agus ceanglais inrianaitheachta agus rianaithe i ndáil leis an gcoiréalach dearg a shaothrú. Tarchuirfidh an Coimisiún, nó comhlacht arna ainmniú aige, an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM.

Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir le Ballstáit a thug fógra faoina dtuarascálacha cheana roimh an 24 Samhain 2026.

11. Is iad údaráis inniúla na mBallstát óna bhfuil an t-ath-onnmhairiú le déanamh a údaróidh ath-onnmhairiú tháirgí coiréalaigh dheirg arna n-allmhairiú faoi dheimhniú saothraithe i gcomhréir leis an Airteagal seo trí bhailíochtú a dhéanamh ar an roinn “ath-onnmhairiú” den deimhniú saothraithe a leagtar amach in Iarscríbhinn X nó ar chóip de ina bhfuil na táirgí coiréalaigh dheirg atá le hath-onnmhairiú san áireamh mar chuid de na táirgí arna n-allmhairiú.

12. Nuair a shainaithníonn Ballstát neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo ag oibreoirí, cuirfidh sé an Stát brataí agus an Coimisiún ar an eolas faoi sin. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM.

13. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún nó do chomhlacht arna ainmniú aige maidir leis na húdaráis inniúla a ainmneoidh siad chun bheith freagrach as na deimhnithe saothraithe agus a séalaí bailíochtaithe a bhailíochtú, a sheiceáil agus a fhíorú, chomh maith le pointí teagmhála na Scéime um dhoiciméadú gabhála agus faisnéis eile atá ábhartha do chur chun feidhme na Scéime um dhoiciméadú gabhála. Tabharfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige fógra do Rúnaíocht CGIM, do na húdaráis inniúla agus do na pointí teagmhála de chuid an Bhallstáit faoin bhfaisnéis eile sin atá ábhartha do chur chun feidhme na Scéime um dhoiciméadú gabhála.

14. Stórálfaidh na Ballstáit na deimhnithe páipéarbhunaithe saothraithe arna mbailíochtú i ndail leis an gcoiréalach dearg ar feadh tréimhse 10 mbliana.

15. Déanfaidh na Ballstáit tuarascáil a tharraingt suas gach bliain maidir le cur chun feidhme na Scéime páipéarbhunaithe um dhoiciméadú gabhála coiréalach dearg, ina soláthrófar faisnéis mhionsonraithe agus sonraí staidrimh maidir le, *inter alia*, cainníochtaí bliantúla arna mbailíochtú, cainníochtaí bliantúla arna dtrádáil, líon na ndeimhnithe saothraithe arna mbailíochtú, agus aon ghnéithe ábhartha a mheastar a sholáthródh faisnéis maidir le staid na himeartha i ndáil leis an Scéim um dhoiciméadú gabhála. Cuirfidh na Ballstáit a dtuarascálacha faoi bhráid an Choimisiúin nó faoi bhráid comhlachta arna ainmniú aige tráth nach déanaí ná 45 lá roimh gach seisiún bliana de chuid Choiste CGIM um Chomhlíonadh. Cuirfidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige na tuarascálacha sin faoi bhráid Rúnaíocht CGIM tráth nach déanaí ná 30 lá roimh gach seisiún bliana de chuid an Choiste um Chomhlíonadh.';

(28) in Airteagal 56(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) trastomhas gach coilíneachta a shaothraítear nó meán an trastomhais de réir na gabhála.';

(29) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 57:

'*Airteagal 57*

Raon feidhme

Tá feidhm ag an roinn seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile a dhéanann trálaeir ghrinnill an Aontais atá spriocdhírithe ar phríomhstoic ghrinnill den cholmóir Eorpach (*Merluccius merluccius*) agus den rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*), i gCaolas na Sicile, in FLGanna 12, 13, 14, 15 agus 16 dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.';

(30) in Airteagal 58, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Aibreán gach bliain, na bearta bainistíochta nó na pleananna bainistíochta náisiúnta a glacadh de bhun mhír 1 agus aon mhodhnú a dhéanfar ar na bearta nó ar na pleananna sin. Tarchuirfidh an Coimisiún na bearta nó pleananna sin agus na modhnaithe orthu chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán gach bliain.';

(31) leasaítear Airteagal 59 mar a leanas:

(a) scriostar míreanna 1 agus 2;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'3. Stopfar gníomhaíochtaí iascaireachta le spiléir ghrinnill, eangacha geolbhaigh agus traimlí a dhíríonn ar chomhbhailiúcháin sceite de cholmóirí Eorpacha ar feadh 30 lá as a chéile idir mí an Mhárta agus mí Aibreáin gach bliain. Cuirfidh na Ballstáit sonraí maidir leis na srianta ama sin in iúl don Choimisiún faoin 15 Meitheamh gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Meitheamh gach bliain.

4. Amhail ón 1 Iúil go dtí an 30 Meán Fómhair gach bliain, ní cheadófar gníomhaíochtaí iascaireachta le trálaeir ghrinnill, gan beann ar fhad foriomlán na soithí, idir an cósta agus iseabat 200 m ar domhain in FLG 14 (Murascaill Gabès).

5. Áiritheoidh na Ballstáit leanúint na suirbhéanna ar muir atá ann faoi láthair, chomh maith leis an bhfaireachán ar limistéir nua, lena n-áirítear an scairbh agus na fánaí ag teorainneacha ardchlár Málta. Díreofar go háirithe ar leanúint na suirbhéanna eolaíocha in FLGanna 12, 13 agus 14 d'fhonn iasclanna colmóirí Eorpacha i Murascaill Hammamet agus i Murascaill Thúinis a dheimhniú mar limistéir shrianta iascaigh shealadacha nó bhuana a d'fhéadfadh a bheith ann. Ina theannta sin, leanfaidh Ballstáit le hiarrachtaí chun éiceachórais leochaileacha mhuirí a léarscáiliú d'fhonn a gcosaint ar an trálaeireacht i gCaolas na Sicile a dhaingniú.

Cuirfidh na Ballstáit na sonraí is gá le haghaidh meastóireacht ar Limistéir Shrianta Iascaigh nua i gCaolas deisceartach na Sicile isteach 1 mhí amháin ar a dhéanaí roimh chruinniú 2024 den Choiste Foréigiúnach CGIM um an Meánmhuir Lár agus tacóidh siad leis an obair mheastóireachta sin.';

(32) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 60a*

Bearta bainistíochta cabhlach

Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh acmhainneacht fhoriomlán cabhlaigh na gcabhlach a oibríonn le tráil ghrinnill agus a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar na príomhstoic a liostaítear in Airteagal 57, i dtéarmaí OT, kW agus líon na soithí, mar a thaifeadtar i gcláir náisiúnta agus i gcláir CGIM araon, le linn ré an phlean bainistíochta ábhartha, thar acmhainneacht an chabhlaigh le haghaidh iascaigh ghrinnill sa bhliain 2021.';

(33) leasaítear Airteagal 61 mar a leanas:

(a) scriostar míreanna 1 agus 2;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Márta gach bliain, na liostaí de na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar speicis a liostaítear in Airteagal 57 agus a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar na speicis sin. Tarchuirfidh an Coimisiún na liostaí sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Márta gach bliain. Áireofar ar na liostaí sin, i gcás gach soithigh, an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII.

4. Coinneoidh gach Ballstát clár de na soithí a liostaítear i gcomhréir le mír 3 agus coinneoidh siad cothrom le dáta é.

5. Cuirfidh gach Ballstát in iúl don Choimisiún, faoin 15 Lúnasa gach bliain, tuarascáil ar na gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann na soithí faoi raon feidhme na roinne seo i bhformáid chomhiomlánaithe. Áireofar sa tuarascáil sin, ar a laghad, an líon laethanta saothraithe, limistéar an tsaothraithe, gabhálacha agus aischur colmóirí Eorpacha agus rós-séaclaí domhainmhara.

6. Tarchuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 5 chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Lúnasa gach bliain.

7. Ní cheadófar do shoithí a oibríonn le tráil dobharchú faoi raon feidhme na roinne seo gníomhaíochtaí iascaireachta sonracha a dhéanamh ach amháin i gcás ina sonraítear na gníomhaíochtaí sin in údarú iascaireachta bailí arna eisiúint ag na húdaráis inniúla.';

(34) leasaítear Airteagal 62 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ainmneoidh na Ballstáit na láithreacha tabhairt i dtír ina ndéanfar colmóirí agus rós-séaclaí domhainmhara a ghabhtar i gCaolas na Sicile a thabhairt i dtír, i gcomhréir le hAirteagal 43(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún aon athrú ar liosta na láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoin 15 Samhain gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Samhain gach bliain.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcás gach láithrigh tabhairt i dtír ainmnithe dá dtagraítear i mír 1, sonróidh na Ballstáit na hamanna agus na háiteanna ina gceadófar tabhairt i dtír agus trasloingsiú. Áiritheoidh na Ballstáit chomh maith clúdach cigireachta ar na gníomhaíochtaí tabhairt i dtír agus trasloingsithe sin i gcónaí ag na láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe sin.’;

(35) in Airteagal 65, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Gníomhóidh údaráis inniúla na mBallstát ar bhonn tuarascálacha cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 64(3), bileoga faisnéise amhairc dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII, agus ráitis a thagann as cigireachtaí doiciméadacha ó chigirí ar an gcaoi chéanna agus iad ag déanamh beart ar bhonn tuarascálacha agus ráitis ó chigirí náisiúnta a bhunaítear i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta.’;

(36) leasaítear Airteagal 70 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Bunóidh gach Ballstát liosta de na soithí uile a bhfuil a bhratach ar foluain acu agus atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar speicis a liostaítear in Airteagal 66 trí bhíthin iascaireacht le trál dobharchú, trál bíoma, trál grinnill dhá bhád agus trál otair dúbailte.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ní cheadófar do shoithí a oibríonn faoi raon feidhme na roinne seo gníomhaíochtaí iascaireachta sonracha a dhéanamh ach amháin má bhíonn údarú iascaireachta bailí arna eisiúint ag na húdaráis inniúla acu. Beidh soithí údaraithe ar mó ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán feistithe le VMS saitilítbhunaithe.’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘6. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar ídiú na teorann iarrachta, nó ar ídiú na teorann iarrachta arna sloinneadh i laethanta iascaireachta ag grúpa iarrachta i gcomhréir le hIarscríbhinn XIII, agus cuirfidh siad in iúl don Choimisiún i dtuarascáil mhíosúil ídiú iomlán na hiarrachta iascaireachta a bhunaítear in Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.’;

(37) in Airteagal 72, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. D’ainneoin Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, soithí tráil údaraithe a dhéanann iascaireacht faoi raon feidhme na roinne seo ar mó ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán, beidh siad feistithe le VMS satailítbhunaithe. D’ainneoin Airteagal 9(3) den Rialachán sin, soithí tráil údaraithe ar lú ná 9 méadar a bhfad foriomlán, beidh siad feistithe le córas geo-aimsithe suíomh iomchuí.’;

(38) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 73:

'*Airteagal 73*

Raon feidhme

Tá feidhm ag an roinn seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile a dhéanann soithí peas-saighne agus trálaeir pheiligeacha a dhíríonn ar phríomhstoic pheiligeacha bheaga sairdíní – (*Sardina pilchardus*) agus ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) in FLGanna 17 agus 18 dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.';

(39) in Airteagal 74, scriostar mír 5;

(40) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'*Airteagal 74a*

Sonraí eolaíocha agus tráchtála

Áiritheoidh na Ballstáit go soláthraítear na sonraí eolaíocha agus tráchtála uile a bhailítear i mbliain shonrach do Rúnaíocht CGIM faoin 1 Aibreán den bhliain dár gcionn. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi.

Airteagal 74b

Oibleagáidí tuairiscithe

Soithí ar mó ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán agus soithí a ghabhann níos mó ná 10 000 kg in aghaidh na bliana, gan beann ar a bhfad, dearbhóidh siad, trí mheán leictreonach, gabhálacha spriocspeiceas chomh maith le gabhálacha speiceas nach spriocspeicis iad atá os cionn 50 kg.

Airteagal 74c

Bearta rialaithe agus forfheidhmithe

1. Ainmneoidh na Ballstáit na láithreacha tabhairt i dtír ag a ndéanfaidh na soithí a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar ainseabhaithe agus ar shairdíní a thabhairt i dtír. I gcás gach láithrigh tabhairt i dtír ainmnithe sonróidh na Ballstáit na hamanna agus na háiteanna ina gceadófar tabhairt i dtír agus trasloingsiú.

2. Beidh toirmeasc ar aon chainníocht gabhálacha ainseabhaithe agus sairdíní a ghabhtar le peas-saighní nó le tráil pheiligeacha i Muir Aidriad a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ó shoithí iascaireachta in aon áit seachas sna láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe dá dtagraítear i mír 1.

3. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an Choimisiún faoin 15 Samhain gach bliain aon athrú ar liosta na láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe dá dtagraítear i mír 1. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Samhain gach bliain.

Airteagal 74d

Bearta bainistíochta iascaigh nó pleananna bainistíochta náisiúnta

1. Glacfaidh na Ballstáit bearta leordhóthanacha bainistíochta iascaigh nó pleananna bainistíochta náisiúnta faoi raon feidhme na roinne seo agus é mar aidhm leo a áirithiú go bhfuil saothrú ainseabhaithe agus sairdíní ar leibhéal lena n-áirithítear go sroicheann na pobail leibhéil ar ar féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh, agus go gcoinnítear ar na leibhéil sin iad, i gcomhréir leis an bplean bainistíochta ábhartha le haghaidh ainseabhaithe agus sairdíní.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Aibreán gach bliain, na bearta bainistíochta nó na pleananna bainistíochta náisiúnta a glacadh de bhun mhír 1 agus aon modhnaithe. Tarchuirfidh an Coimisiún na bearta nó pleananna sin agus na modhnaithe orthu chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán gach bliain.

Airteagal 74e

Bearta bainistíochta cabhlach

1. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Márta gach bliain, liostaí de na soithí uile a bhfuil a mbratach ar foluain acu a bheidh údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar phríomhstoic pheiligeacha bheaga dá dtagraítear in Airteagal 73 trí bhíthin tráil pheiligeacha agus peas-saighní i Muir Aidriad. Tarchuirfidh an Coimisiún na liostaí sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Márta gach bliain.

2. Ní cheadófar do shoithí a oibríonn faoi raon feidhme na roinne seo gníomhaíochtaí iascaireachta sonracha a dhéanamh ach amháin má bhíonn údarú iascaireachta bailí arna eisiúint ag na húdaráis inniúla acu.

Airteagal 74f

Tréimhsí coiscthe spásúla nó ama

1. Le linn na hidirthréimhse do phlean bainistíochta CGIM dá dtagraítear sa roinn seo cuirfidh na Ballstáit tréimhsí coiscthe ama sonracha i bhfeidhm ar leibhéal an chabhlaigh d'fhonn na príomhstoic a liostaítear in Airteagal 73 a chosaint le linn na tréimhse sceite. Ní cheanglaítear na tréimhsí coiscthe sin a chur i bhfeidhm go comhuaineach maidir le soithí peas-saighne agus trálaeir pheiligeacha. Cumhdófar leo limistéir iomlána dáileacháin na stoc peiligeach beag i Muir Aidriad, áfach, agus déanfar difear leo do na cabhlaigh uile a bhíonn ag díriú ar pheiligigh bheaga, ar feadh tréimhsí nach lú ná 30 lá as a chéile in aghaidh na roinne cabhlaigh. Le linn na tréimhse coiscthe, beidh toirmeasc ar shoithí de chuid cabhlach atá faoi réir tréimhse coiscthe trealamh a mhalartú, amhail trealamh peas-saighne a athrú go trál peiligeach nó vice versa, chun spriocdhíriú ar pheiligigh bheaga. Cuirfear tréimhsí coiscthe i bhfeidhm i gcomhréir leis na tráthchláir seo a leanas:

(a) ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Márta gach bliain le haghaidh an tsairdín; agus

(b) ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair gach bliain le haghaidh an ainseabhaí.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar tréimhsí coiscthe a chur chun feidhme ar feadh tréimhsí nach lú ná 15 lá as a chéile i gcás cabhlaigh náisiúnta ina bhfuil níos lú ná 15 cinn de shoithigh peas-saighne nó trálaeir pheiligeacha a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar stoic pheiligeacha bheaga.

3. Le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh na Ballstáit tréimhsí coiscthe spásúla i bhfeidhm ar shoithí ar mó ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán ar feadh tréimhsí nach lú ná 9 mí. Cumhdóidh na tréimhsí coiscthe sin 30 % de na huiscí teorann nó na huiscí inmheánacha ar sainaithníodh go bhfuil tábhacht ag baint leo maidir le haicmí óga éisc a chosaint.

4. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún go bliantúil na tréimhsí coiscthe ama agus spásúla arna gcur i bhfeidhm de bhun an Airteagail seo sna huiscí faoina ndlínse d'fhonn limistéir sceite agus iasclanna na stoc peiligeach beag a chosaint. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin in iúl do Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

Airteagal 74g

Faireachán eolaíoch

Áiritheoidh na Ballstáit faireachán eolaíoch leordhóthanach gach bliain ar stádas agus bithmhais stoic sceite na speiceas dá dtagraítear in Airteagal 73.';

(41) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'Airteagal 75a

Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta

1. Féadfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais a dhéanamh faoi raon feidhme na roinne seo faoi chuimsiú Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta ("an Scéim") lena gcumhdaítear na huiscí atá lasmuigh de dhlínse náisiúnta i bhfo-limistéir gheografacha CGIM 17 agus 18 (Muir Aidriad), mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I ("an limistéar cigireachta agus faireachais").

2. Féadfaidh na Ballstáit cigirí agus modhanna cigireachta a shannadh agus féadfaidh siad cigireachtaí a dhéanamh faoin Scéim. Féadfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige cigirí de chuid an Aontais a shannadh freisin don Scéim.

3. Comhordóidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige na gníomhaíochtaí faireachais agus cigireachta don Aontas agus féadfaidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, plean comhpháirteach imscartha a tharraingt suas chun é a chur ar a chumas don Aontas a oibleagáid faoin Scéim a chomhlíonadh. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cur chun feidhme na bpleananna sin a éascú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na hacmhainní daonna agus ábhair is gá agus maidir leis na tréimhsí agus na limistéir gheografacha ina n-úsáidfear na hacmhainní sin.

4. Tabharfaidh gach Ballstát, faoin 15 Samhain gach bliain, fógra don Choimisiún nó do chomhlacht arna ainmniú aige faoi liosta ainmneacha na gcigirí atá údaraithe chun na gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais a dhéanamh sa limistéar dá dtagraítear i mír 1, mar aon le hainmneacha na soithí agus na n-aerárthaí a úsáidtear le haghaidh cigireachta agus faireachais a bhfuil sé beartaithe acu iad a shannadh don Scéim don bhliain dár gcionn. Seolfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 1 Nollaig gach bliain nó a luaithe is féidir sula gcuirfear tús leis na gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais sin.

5. Beidh i seilbh cigirí arna sannadh don Scéim cárta cigire CGIM arna eisiúint ag na húdaráis inniúla, a bheidh san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

6. Beidh bratach nó bratainn speisialta, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V, ar foluain ar shoithí agus dualgais bhordála agus chigireachta á gcomhlíonadh acu.

7. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh gach ardán cigireachta atá i dteideal a bhratach a chur ar foluain agus atá ag oibriú sa limistéar dá dtagraítear i mír 1 teagmháil shábháilte, go laethúil nuair is féidir, le gach ardán cigireachta eile atá ag feidhmiú sa limistéar sin, chun faisnéis a mhalartú is gá chun na gníomhaíochtaí a chomhordú.

8. Tabharfaidh gach Ballstát, a bhfuil láithreacht aige sa limistéar chun cigireacht nó faireachas a dhéanamh dá dtagraítear i mír 1, liosta de na hamhairc a bhunaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn VII agus de na bordálacha agus de na cigireachtaí a rinne sé sa tréimhse 10 lá roimhe sin, lena n-áirítear dátaí, comhordanáidí agus aon fhaisnéis ábhartha eile, do gach ardán cigireachta ar theacht isteach sa limistéar sin dó.

Airteagal 75b

Cigireachtaí a dhéanamh

1. Déanfaidh cigirí arna sannadh don Scéim an méid seo a leanas:

(a) fógra a thabhairt don soitheach iascaireachta roimh bhordáil dóibh faoi ainm an tsoithigh cigireachta;

(b) an bhratainn a bhfuil tuairisc uirthi in Iarscríbhinn V a chur ar taispeáint ar an soitheach cigireachta agus ar an soitheach bordála;

(c) gach foireann cigireachta a theorannú do thriúr cigirí ar a mhéad.

2. Ag dul ar bord an tsoithigh dóibh, taispeánfaidh na cigirí do mháistir an tsoithigh an cárta aitheantais do chigirí CGIM a bhfuil tuairisc air in Iarscríbhinn IV. Déanfar cigireachtaí i gceann de theangacha oifigiúla CGIM agus, i gcás inar féidir, sa teanga a labhraíonn máistir an tsoithigh iascaireachta.

3. Tarraingeoidh na cigirí suas tuarascáil ar an gcigireacht san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

4. Síneoidh cigirí an tuarascáil i láthair mháistir an tsoithigh agus beidh an máistir sin i dteideal aon bharúlacha a mheasann sé a bheith oiriúnach a chur leis an tuarascáil. Síneoidh máistir an tsoithigh an tuarascáil freisin.

5. Tabharfar cóipeanna den tuarascáil do mháistir an tsoithigh agus d'údaráis na buíne cigireachta, agus tarchuirfidh siad cóipeanna chuig údaráis Stát brataí an tsoithigh ar a ndearnadh cigireacht agus chuig an gCoimisiún nó chuig comhlacht arna ainmniú aige. Cuirfidh an Coimisiún an chóip den tuarascáil ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.

6. Déanfaidh oifigeach ceannais an tsoithigh cigireachta méid na buíne cigireachta agus fad na cigireachta a shocrú, agus na cúinsí ábhartha uile á gcur san áireamh aige.

Airteagal 75c

Sáruithe

1. Chun críocha an Airteagail seo, measfar gur sáruithe iad na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(b) cur isteach ar an gcóras faireacháin satailíte; agus

(c) oibriú gan VMS.

2. I gcás ina ndéantar aon bhordáil nó cigireacht ar shoitheach iascaireachta agus ina mbraitheann na cigirí sárú lena linn sin, cuirfidh údaráis Bhallstát brataí an tsoithigh cigireachta an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige ar an eolas faoi láithreach, agus tabharfaidh sé fógra do Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta ar a ndearnadh cigireacht go díreach agus trí bhíthin Rúnaíocht CGIM. Cuirfidh siad aon long chigireachta ó Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta a thuigtear a bheith sa cheantar ar an eolas freisin.

3. Tar éis cigireacht ina mbraitear sárú lena linn, áiritheoidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta go gcuirfidh an soitheach iascaireachta ábhartha stop le gach gníomhaíocht iascaireachta. Ceanglóidh an Ballstát brataí ar an soitheach iascaireachta dul chuig calafort arna ainmniú aige laistigh de 72 uair an chloig, áit a gcuirfear tús le himscrúdú.

4. I gcás ina mbraitear sárú le linn cigireachta, fógrófar don Choimisiún nó don chomhlacht arna ainmniú aige na bearta agus an obair leantach a rinne an Ballstát brataí. Cuirfidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an beart agus an obair leantach a rinneadh ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.

5. Gníomhóidh údaráis na mBallstát ar bhonn tuarascálacha cigireachta, dá dtagraítear in Airteagal 75b(3), bileog faisnéise amhairc, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII, agus ráitis a thagann as cigireachtaí doiciméadacha arna ndéanamh ag cigirí ar an gcaoi chéanna agus iad ag déanamh beart ar bhonn tuarascálacha agus ráitis ó chigirí náisiúnta.';

(42) cuirtear an roinn seo a leanas isteach:

‘Roinn II

An Mhuir Dhubh

Airteagal 75d

Raon feidhme

Tá feidhm ag an roinn seo maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhíríonn ar an salán Eorpach (*Sprattus sprattus*) sa Mhuir Dhubh, in FLG 29 dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.

Airteagal 75e

Faireachán eolaíoch

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán eolaíoch leordhóthanach ar bhonn bliantúil ar stádas na speiceas a áirítear faoi raon feidhme na ranna seo.

Airteagal 75f

Liosta na soithí údaraithe agus gníomhacha

1. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Eanáir gach bliain na liosta de na soithí iascaireachta uile faoina mbratach atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar an salán Eorpach agus a dhéanann iascaireacht ghníomhach air i mbliain ar leith. Tarchuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Eanáir gach bliain. Áireofar ar an liosta sin, i gcás gach soithigh, an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII.

2. Maidir le liostaí na mBallstát a bhaineann le cabhlaigh iascaireachta le haghaidh an tsaláin Eorpaigh, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún go pras maidir le haon soitheach a chuirtear leis na liostaí, nó a scriostar uathu nó aon modhnú orthu, aon tráth a tharlaíonn na hathruithe sin agus ar bhonn míosúil ar a laghad. Tarchuirfidh an Coimisiún na hathruithe sin chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

3. Soithí nach bhfuil liostaithe ag na Ballstáit, ní dhéanfaidh siad an salán Eorpach a ghabháil, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil nó a dhíol.

Airteagal 75g

Oibleagáidí ar mháistrí na soithí maidir le tuairisciú

1. Déanfaidh máistrí na soithí a dhéanann iascaireacht ar an salán tuarascáil mhionsonraithe ar ghníomhaíochtaí iascaireachta na soithí sin a chur in iúl do na Ballstáit faoi dhó sa bhliain agus faoin 1 Iúil agus faoin 1 Eanáir gach bliain. Áireofar sa tuarascáil sin ar a laghad an fhaisnéis seo a leanas:

(a) laethanta oibríochta;

(b) limistéar oibríochta;

(c) gabháil iomlán na salán Eorpach.

2. Tarchuirfidh na Ballstáit an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 chuig an gCoimisiún faoin 15 Iúil agus an 15 Eanáir gach bliain.

3. Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 chuig Rúnaíocht CGIM faoi dhó sa bhliain agus faoin 31 Iúil agus faoin 31 Eanáir gach bliain.

Airteagal 75h

Bearta breise

Féadfaidh na Ballstáit bearta spásúla nó ama a ghlacadh sa bhreis orthu siúd dá bhforáiltear sa Rialachán seo chun limistéir chomhbhailiúcháin na salán óg a chosaint.

Airteagal 75i

Rialú, faireachán agus faireachas ar iascaigh an tsaláin Eorpaigh sa Mhuir Dhubh

1. Áiritheoidh gach Ballstát go mbunófar sásraí leordhóthanacha chun gach soitheach iascaireachta a thaifeadadh ina chlár cabhlaigh náisiúnta agus chun gabhálacha agus iarracht iascaireachta shalán Eorpach na soithí - a thaifeadadh trína logleabhair.

2. Déanfaidh iascairí nó máistrí soithí iascaireachta údaraithe a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar an salán Eorpach gach gabháil agus foghabháil a dhearbhú, gan beann ar bheomheáchan na gabhála.

Airteagal 75j

Láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe

1. Ainmneoidh na Ballstáit na láithreacha tabhairt i dtír ina ndéanfaidh na soithí a dhéanann iascaireacht ghníomhach faoi raon feidhme na roinne seo tabhairt i dtír agus trasloingsiú.

2. Beidh toirmeasc ar aon chainníocht speiceas a áirítear faoi raon feidhme na roinne seo a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ó shoithí iascaireachta in aon áit eile cé is moite de na láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe dá dtagraítear i mír 1.';

(43) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 76:

'*Airteagal 76*

Raon feidhme

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile a dhéantar le línte láimhe agus spiléir shocraithe agus spiléir measctha, a dhíríonn ar an deargán (*Pagellus bogaraveo*) i Muir Alboran, in FLGanna 1, 2 agus 3 dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.';

(44) scriostar Airteagal 77;

(45) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 77a*

Tréimhsí coiscthe spásúla nó ama

1. Le linn na hidirthréimhse do phlean bainistíochta CGIM dá dtagraítear sa roinn seo, cuirfidh na Ballstáit tréimhsí coiscthe ama sonracha i bhfeidhm ar leibhéal na gcabhlach, d'fhonn na príomhstoic dá dtagraítear in Airteagal 76 a chosaint le linn tréimhsí sceite. Ní cheanglaítear na tréimhsí coiscthe sin a chur i bhfeidhm go comhuaineach maidir le cineálacha éagsúla trealaimh iascaireachta. Cumhdófar leo príomhlimistéir dháileacháin an deargáin i Muir Alboran dá dtagraítear in Airteagal 76, áfach, agus déanfar difear leo do na soithí uile lena mbaineann an Chaibidil seo ar feadh tréimhsí nach lú ná 60 lá as a chéile in aghaidh na roinne cabhlaigh. Cuirfear tréimhsí coiscthe i bhfeidhm ó mhí Eanáir go mí an Mhárta gach bliain. Déanfaidh gach Ballstát an tréimhse choiscthe agus an liosta soithí lena mbaineann a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin faoi bhráid Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, go bliantúil, na tréimhsí coiscthe, dá dtagraítear i mír 1 is infheidhme sna huiscí faoina ndlínse, d'fhonn limistéir sceite agus iasclanna an stoic deargán a chosaint.';

(46) leasaítear Airteagal 78 mar a leanas:

(a) scriostar míreanna 1 agus 2;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'2a. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh acmhainneacht fhoriomlán an chabhlaigh, i dtéarmaí OT, kW agus líon na soithí, mar a thaifeadtar i gcláir náisiúnta agus i gcláir CGIM araon, thar acmhainneacht an chabhlaigh arna meánú le haghaidh na n-iascach i gcaitheamh na dtréimhse 2018 go 2021.

2b. Déanfaidh na Ballstáit acmhainneacht fhoriomlán cabhlaigh na gcabhlach a dhéanann iascaireacht ar an deargán a oibríonn le línte láimhe, spiléir shocraithe nó spiléir measctha, i dtéarmaí OT, kW agus líon na soithí, mar a thaifeadtar i gcláir an Aontais agus CGIM araon, a oiriúnú do na deiseanna iascaireachta.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Márta gach bliain, na liostaí de na soithí faoina mbratach atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar an deargán sa bhliain sin faoi raon feidhme na Caibidle seo. Tarchuirfidh an Coimisiún na liostaí sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Márta gach bliain. Áireofar ar na liostaí sin, i gcás gach soithigh, an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII.';

(d) scriostar mír 4.

(47) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 79:

'*Airteagal 79*

Bearta rialaithe agus forfheidhmiúcháin

-1. Bunóidh na Ballstáit sásra chun a áirithiú go ndearbhóidh soithí a dhéanann iascaireacht ghníomhach i Muir Alboran gach gabháil den phríomhstoc, dá dtagraítear in Airteagal 76.

1. Ainmneoidh na Ballstáit na láithreacha tabhairt i dtír ina n-údaraítear deargáin a thabhairt i dtír.

1a. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún aon athrú ar liosta na láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe dá dtagraítear i mír 1 faoin 15 Samhain gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Samhain gach bliain. Ní thabharfar an príomhstoc dá dtagraítear in Airteagal 76 i dtír ach sna láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe sin.

1b. Sonróidh na Ballstáit na háiteanna ina gceadófar tabhairt i dtír i gcás gach láthair tabhairt i dtír ainmnithe dá dtagraítear i mír 1.

2. Roimh theacht isteach dóibh in aon chalafort, seachas i gcás soithí beaga, agus 4 uair an chloig ar a laghad roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach, tabharfaidh máistrí na soithí iascaireachta nó a n-ionadaí, nó iascairí údaraithe fógra do na húdaráis ábhartha faoin bhfaisnéis seo a leanas:

(a) an t-am a mheastar a bhainfear an calafort amach;

(b) uimhir aitheantais sheachtrach agus ainm an tsoithigh iascaireachta; agus

(c) an beomheáchan measta atá á choinneáil ar bord.

3. Féadfaidh máistrí na soithí iascaireachta nó a n-ionadaí, nó iascairí údaraithe an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a chur isteach suas le 1 uair an chloig amháin roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach, i gcás ina bhfuil an mheá níos lú ná 4 uair an chloig ón gcalafort teachta.

4. Gan dochar d'Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, tuairisceoidh iascairí agus máistrí soithí iascaireachta údaraithe a dhéanann iascaireacht ghníomhach faoi raon feidhme na roinne seo na gabhálacha uile, gan beann ar bheomheáchan na gabhála agus taifeadfaidh siad gabhálacha na speiceas sin nó déanfaidh siad meastóireachtaí ina leith.

4a. Beidh toirmeasc ar aon chainníocht den phríomhstoc dá dtagraítear in Airteagal 76 a ghabhtar i Muir Alboran a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ó shoithí iascaireachta in aon áit seachas sna láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe dá dtagraítear i mír 1.

5. Bunóidh gach Ballstát clár bunaithe ar anailís riosca, chun tabhairt i dtír faoi raon feidhme na Caibidle seo a fhíorú agus chun logleabhair na soithí lena mbaineann a bhailíochtú.

6. Toirmeascfar oibríochtaí trasloingsithe ar muir.

7. Soithí a oibríonn le línte láimhe, spiléar shocraithe nó spiléir mheasctha a ghabhann an príomhstoc dá dtagraítear in Airteagal 76 i Muir Alboran, ní cheadófar iadach amháin má shonraítear na gníomhaíochtaí sin in údarú iascaireachta bailí arna eisiúint ag na húdaráis inniúla.

8. D'ainneoin Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, déanfar gach soitheach atá údaraithe faoin gCaibidil seo ar mó ná 10 méadar a fad foriomlán a fheistiú le VMS nó córas eile geoshuímh lena lamháiltear do na húdaráis rialaithe a ngníomhaíocht a rianú i gcónaí le linn turais iascaireachta.';

(48) scriostar Airteagal 80;

(49) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'*Airteagal 80a*

Faireachán eolaíoch

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na sonraí iascaigh eolaíocha uile (suirbhé fuaime) nó na sonraí tráchtála uile (maidir le gabháil agus aischur), arna mbailiú gach bliain, a sholáthar do Rúnaíocht CGIM faoin 1 Aibreán an bhliain dár gcionn.

2. Seolfaidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún, na sonraí tráchtála a leagtar síos i mír 1, faoin 15 Márta gach bliain.

Airteagal 80b

Bearta bainistíochta iascaigh nó pleananna bainistíochta náisiúnta

1. Glacfaidh na Ballstáit bearta bainistíochta iascaigh nó pleananna bainistíochta náisiúnta faoi raon feidhme na Caibidle seo chun a áirithiú go ndéanfar na speicis dá dtagraítear in Airteagal 76 a chaomhnú go leormhaith.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Aibreán gach bliain, na bearta bainistíochta nó na pleananna bainistíochta náisiúnta a glacadh de bun mhír 1 agus aon mhodhnú a dhéanfar ar na bearta nó ar na pleananna sin. Tarchuirfidh an Coimisiún na bearta nó pleananna sin agus na modhnaithe orthu chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán gach bliain.';

(50) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 81:

'*Airteagal 81*

Raon feidhme

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta peiligí lena ndírítear ar an dorád coiteann (*Coryphaena hippurus*) trí bhíthin feistí comhthiomsaithe éisc (FADanna), agus maidir le hiascaireacht áineasa, sa Mheánmhuir, in FLGanna 1 go 27 dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.';

(51) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 83:

'*Airteagal 83*

Bearta bainistíochta idirthréimhseacha

Bunófar córas iascaireachta idirthréimhseach d'iascaigh a úsáideann FADanna go dtí an 31 Nollaig 2026.

Le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear sa chéad mhír, áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar teorainn ghabhála ar bhonn an tabhairt i dtír i arna thuairisciú do CGIM mar a leanas:

(a) ar bhonn mheán na ngabhálacha arna dtabhairt i dtír in aon dá bhliain le linn na tréimhse 2018-2022; nó

(b) ar bhonn na ngabhálacha arna dtabhairt i dtír in 2022.';

(52) in Airteagal 84, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Cuirfidh na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear i mír 2, mar a shonraítear in Iarscríbhinn XXV, faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Iúil gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún na sonraí náisiúnta chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Iúil gach bliain.';

(53) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 85:

'*Airteagal 85*

Bearta bainistíochta náisiúnta

Chun caomhnú leordhóthanach an doráid choitinn a áirithiú, glacfaidh na Ballstáit bearta bainistíochta iascaigh nó pleananna bainistíochta náisiúnta in FLGanna 1 go 27.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na bearta bainistíochta nó na pleananna bainistíochta dá dtagraítear sa chéad mhír. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaíocht CGIM faoi na bearta bainistíochta nó na pleananna bainistíochta sin.

I gcás inarb iomchuí, má dhéantar na bearta bainistíochta nó na pleananna bainistíochta dá dtagraítear sa chéad mhír a mhodhnú, cuirfidh na Ballstáit na modhnuithe sin in iúl don Choimisiún faoin 15 Aibreán an bhliain dár gcionn. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaíocht CGIM faoi na modhnuithe ar na bearta bainistíochta nó ar na pleananna bainistíochta sin faoin 30 Aibreán an bhliain dár gcionn.';

(54) leasaítear Airteagal 86 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'-1. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh acmhainneacht fhoriomlán cabhlaigh na gcabhlach a oibríonn le FADanna agus a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar an bpríomhstoc, i dtéarmaí OT, kW agus líon na soithí mar a thaifeadtar i gcláir náisiúnta agus CGIM araon, ar feadh 8 mbliana ón dáta a glacadh na bearta bainistíochta nó na pleananna bainistíochta den chéad uair, dá dtagraítear in Airteagal 85(1), thar acmhainneacht an chabhlaigh le haghaidh doráid choiteanna in iascaigh FAD sa bhliain 2019.';

(b) scriostar mír 2;

(55) in Airteagal 87, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Faoin 15 Iúil gach bliain, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún maidir leis an líon soithí a bhíonn páirteach san iascach, mar aon leis an líon iomlán dorád coiteann arna dtabhairt i dtír agus arna dtrasloingsiú an bhliain roimhe sin ag na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu i ngach FLG mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Iúil gach bliain.';

(56) in Airteagal 88, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3a. Ón 15 Lúnasa 2027, déanfar FADanna go heisiach as ábhair in-bhithdhíghrádaithe.';

(57) in Airteagal 89, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gach soitheach iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain aige agus a shaothraíonn an dorád coiteann taifeadadh ar a ngníomhaíochtaí iascaireachta le FADanna.

4. I gcás ina gcaillfear FAD, áiritheoidh na Ballstáit go mbaileoidh agus go dtuairisceoidh na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu suíomh cláraithe deiridh an FAD a cailleadh mar aon le dáta a shuímh chláraithe deiridh, a uimhir aitheantais agus aon fhaisnéis lenar féidir úinéir FAD a shainaithint.';

(58) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

'*Airteagal 89a*

Bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar iascaireacht NNN

1. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh sásraí leordhóthanacha i bhfeidhm chun gach soitheach iascaireachta a chlárú ina chlár cabhlaigh náisiúnta chun gabhálacha agus iarracht iascaireachta na soithí sin a thaifeadadh ina logleabhair agus chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus an tabhairt i dtír a dhéanann na soithí sin trí bhíthin suirbhéanna agus sampláil ar na gabhálacha agus ar an iarracht iascaireachta, arna ndéanamh i gcomhréir leis na rialacha arna leagan amach ag an mBallstát sin.

2. Ainmneoidh na Ballstáit calafoirt nó láithreacha tabhairt i dtír eile ina ndéanfaidh soithí a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar an dorád coiteann sa Mheánmhuir na doráid choiteanna sin a thabhairt i dtír. I gcás gach calafoirt nó láithrigh tabhairt i dtír ainmnithe eile, sonróidh na Ballstáit lena mbaineann na hamanna agus na háiteanna ina gceadófar tabhairt i dtír agus trasloingsiú.

3. Déanfaidh na Ballstáit cigireachtaí ar bhonn anailís riosca. Beidh toirmeasc ar aon chainníocht den dorád coiteann a dhéanann na Ballstáit a iascach sa Mheánmhuir i gcomhréir le mír 2 a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ó shoithí iascaireachta in aon áit seachas sna calafoirt ainmnithe nó sna láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe dá dtagraítear i mír 2.

4. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán 2024 agus ina dhiaidh sin an 30 Samhain gach bliain, aon athrú ar na liostaí de na calafoirt nó ainmnithe nó na láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe dá dtagraítear i mír 2.

5. Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar i gcomhrac na gníomhaíochtaí iascaireachta NNN, go háirithe trí fhaisnéis a chomhroinnt agus faisnéis a bhailiú chun gníomhaíochtaí iascaireachta NNN a chomhrac.

Airteagal 89b

Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta

1. Féadfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais a dhéanamh faoi raon feidhme na roinne seo faoi chuimsiú Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta ("an Scéim") lena gcumhdaítear na huiscí atá lasmuigh de dhlínse náisiúnta i bhfo-limistéir gheografacha CGIM 1 go 27 (an Mheánmhuir), mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I ("an limistéar cigireachta agus faireachais").

2. Féadfaidh na Ballstáit cigirí agus modhanna cigireachta a shannadh agus féadfaidh siad cigireachtaí a dhéanamh faoin Scéim. Féadfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige cigirí de chuid an Aontais a shannadh freisin don Scéim.

3. Comhordóidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige na gníomhaíochtaí faireachais agus cigireachta don Aontas agus féadfaidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, plean comhpháirteach imscartha a tharraingt suas chun é a chur ar a chumas don Aontas a oibleagáid faoin Scéim a chomhlíonadh. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cur chun feidhme na bpleananna sin a éascú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na hacmhainní daonna agus ábhair is gá agus maidir leis na tréimhsí agus na limistéir gheografacha ina n-úsáidfear na hacmhainní sin.

4. Tabharfaidh gach Ballstát, faoin 15 Samhain gach bliain, fógra don Choimisiún nó do chomhlacht arna ainmniú aige faoi liosta ainmneacha na gcigirí atá údaraithe chun na gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais a dhéanamh sa limistéar dá dtagraítear i mír 1, mar aon le hainmneacha na soithí agus na n-aerárthaí a úsáidtear le haghaidh cigireachta agus faireachais a bhfuil sé beartaithe acu iad a shannadh don Scéim don bhliain dár gcionn. Seolfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM faoin 1 Nollaig gach bliain nó a luaithe is féidir sula gcuirfear tús leis na gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais sin.

5. Beidh i seilbh cigirí arna sannadh don Scéim cárta cigire CGIM arna eisiúint ag na húdaráis inniúla, a bheidh san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

6. Beidh bratach nó bratainn speisialta, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V, ar foluain ar shoithí agus dualgais bhordála agus chigireachta á gcomhlíonadh acu.

7. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh gach ardán cigireachta atá i dteideal a bhratach a chur ar foluain agus atá ag oibriú sa limistéar dá dtagraítear i mír 1 teagmháil shábháilte, go laethúil nuair is féidir, le gach ardán cigireachta eile atá ag feidhmiú sa limistéar sin, chun faisnéis a mhalartú is gá chun na gníomhaíochtaí a chomhordú.

8. Tabharfaidh gach Ballstát, a bhfuil láithreacht aige sa limistéar chun cigireacht nó faireachas a dhéanamh dá dtagraítear i mír 1, liosta de na hamhairc a bhunaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn VII agus de na bordálacha agus de na cigireachtaí a rinne sé sa tréimhse 10 lá roimhe sin, lena n-áirítear dátaí, comhordanáidí agus aon fhaisnéis ábhartha eile, do gach ardán cigireachta ar theacht isteach sa limistéar sin dó.

Airteagal 89c

Cigireachtaí a dhéanamh

1. Déanfaidh cigirí arna sannadh don Scéim an méid seo a leanas:

(a) fógra a thabhairt don soitheach iascaireachta roimh bhordáil dóibh faoi ainm an tsoithigh cigireachta;

(b) an bhratainn a bhfuil tuairisc uirthi in Iarscríbhinn V a chur ar taispeáint ar an soitheach cigireachta agus ar an soitheach bordála;

(c) gach foireann cigireachta a theorannú do thriúr cigirí ar a mhéad.

2. Ag dul ar bord an tsoithigh dóibh, taispeánfaidh na cigirí do mháistir an tsoithigh sin an cárta aitheantais do chigirí CGIM a bhfuil tuairisc air in Iarscríbhinn IV. Déanfar cigireachtaí i gceann de theangacha oifigiúla CGIM agus, i gcás inar féidir, sa teanga a labhraíonn máistir an tsoithigh iascaireachta.

3. Tarraingeoidh na cigirí suas tuarascáil ar an gcigireacht san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

4. Síneoidh cigirí an tuarascáil i láthair mháistir an tsoithigh agus beidh an máistir sin i dteideal aon bharúlacha a mheasann sé a bheith oiriúnach a chur leis an tuarascáil. Síneoidh máistir an tsoithigh an tuarascáil freisin.

5. Tabharfar cóipeanna den tuarascáil do mháistir an tsoithigh agus d'údaráis na buíne cigireachta, agus tarchuirfidh siad cóipeanna chuig údaráis Stát brataí an tsoithigh ar a ndearnadh cigireacht agus chuig an gCoimisiún nó chuig comhlacht arna ainmniú aige. Cuirfidh an Coimisiún an chóip den tuarascáil ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.

6. Déanfaidh oifigeach ceannais an tsoithigh cigireachta méid na buíne cigireachta agus fad na cigireachta a shocrú agus na cúinsí ábhartha uile á gcur san áireamh aige.

Airteagal 89d

Sáruithe

1. Chun críocha an Airteagail seo, measfar gur sáruithe iad na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(b) cur isteach ar an gcóras faireacháin satailíte; agus

(c) oibriú gan VMS.

2. I gcás ina ndéantar aon bhordáil nó cigireacht ar shoitheach iascaireachta agus ina mbraitheann na cigirí sárú lena linn sin, cuirfidh údaráis Bhallstát brataí an tsoithigh cigireachta an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige ar an eolas faoi láithreach, agus tabharfaidh sé fógra do Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta ar a ndearnadh cigireacht go díreach agus trí bhíthin Rúnaíocht CGIM. Cuirfidh siad aon long chigireachta ó Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta a thuigtear a bheith sa cheantar ar an eolas freisin.

3. Tar éis cigireacht ina mbraitear sárú lena linn, áiritheoidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta go gcuirfidh an soitheach iascaireachta ábhartha stop le gach gníomhaíocht iascaireachta. Ceanglóidh an Ballstát brataí ar an soitheach iascaireachta dul chuig calafort arna ainmniú aige laistigh de 72 uair an chloig, áit a gcuirfear tús le himscrúdú.

4. I gcás ina mbraitear sárú le linn cigireachta, fógrófar don Choimisiún nó don chomhlacht arna ainmniú aige na bearta agus an obair leantach a rinne an Ballstát brataí. Cuirfidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an beart agus an obair leantach a rinneadh ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.

5. Gníomhóidh údaráis na mBallstát ar bhonn tuarascálacha cigireachta, dá dtagraítear in Airteagal 89c(3), bileog faisnéise amhairc, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII, agus ráitis a thagann as cigireachtaí doiciméadacha arna ndéanamh ag cigirí ar an gcaoi chéanna agus iad ag déanamh beart ar bhonn tuarascálacha agus ráitis ó chigirí náisiúnta.';

(59) in Airteagal 91(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

'(f) an príomhthrealamh a úsáidtear le haghaidh turbard, an roinn cabhlaigh agus an t-aonad oibríochtúil;';

(60) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 94a*

Inrianaitheacht le haghaidh turbard

1. Déanfaidh na Ballstáit an Scéim pháipéarbhunaithe um dhoiciméadú gabhála turbard a chur chun feidhme go hiomlán feadh an tslabhra soláthair ar fad chun inrianaitheacht turbard a ghabhtar sa Mhuir Dhubh a áirithiú agus chun rannchuidiú le comhrac na ngníomhaíochtaí iascaireachta NNN.

2. Beidh an Scéim pháipéarbhunaithe um dhoiciméadú gabhála turbard dá dtagraítear i mír 1 gan dochar do chórais inrianaitheachta náisiúnta eile atá i bhfeidhm lena n-áirithítear an leibhéal céanna rialaithe ar inrianaitheacht turbard ag na Ballstáit agus áireofar inti an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn XXIV.

3. Tá feidhm ag an Scéim pháipéarbhunaithe um dhoiciméadú gabhála turbard maidir leis an gcéad thabhairt i dtír, onnmhairiú agus ath-onnmhairiú. Ní áirítear trádáil intíre sa slabhra bailíochtaithe a leagtar amach i mír 5.

4. Beidh uimhir sainaitheantais doiciméid uathúil ag gach deimhniú gabhála. Beidh an uimhir sin sonrach i leith an Bhallstáit brataí agus sannfar í do gach soitheach iascaireachta. Ní bheidh na deimhnithe gabhála inaistrithe chuig soitheach iascaireachta eile.

5. Ní bhailíochtóidh na Ballstáit deimhnithe gabhála ach amháin nuair a shuífear go bhfuil an fhaisnéis uile atá sa Scéim um dhoiciméadú gabhála turbard cruinn mar thoradh ar fhíorú na ndoiciméad tacaíochta agus na coinsíneachta comhfhreagraí.

6. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún nó do chomhlacht arna ainmniú aige maidir lena Scéim um dhoiciméadú gabhála, chomh maith leis na ceanglais chlibeála agus sainaitheantais a d'fhéadfadh a bheith ann, agus ceanglais inrianaitheachta agus rianaithe le haghaidh turbard. Tarchuirfidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM.

7. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún nó do chomhlacht arna ainmniú aige maidir leis na húdaráis a ainmneoidh siad chun bheith freagrach as na deimhnithe gabhála agus a séalaí bailíochtaithe a bhailíochtú, a sheiceáil agus a fhíorú, chomh maith le pointí teagmhála na Scéime um dhoiciméadú gabhála agus faisnéis eile atá ábhartha do chur chun feidhme na Scéime um dhoiciméadú gabhála. Tabharfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige fógra do Rúnaíocht CGIM, do na húdaráis inniúla agus do na pointí teagmhála de chuid an Bhallstáit faoin bhfaisnéis eile sin atá ábhartha do chur chun feidhme na Scéime Doiciméadúcháin Gabhála.

8. Stórálfaidh na Ballstáit na deimhnithe gabhála páipéarbhunaithe bailíochtaithe i ndáil leis an turbard ar feadh tréimhse 5 bliana.

9. Déanfaidh na Ballstáit tuarascáil a tharraingt suas gach bliain maidir le cur chun feidhme na Scéime páipéarbhunaithe um dhoiciméadú gabhála turbard lena soláthrófar faisnéis mhionsonraithe agus sonraí staidrimh maidir le, *inter alia*, cainníochtaí bliantúla arna mbailíochtú, cainníochtaí bliantúla arna dtrádáil, líon na ndeimhnithe gabhála arna mbailíochtú, agus aon ghnéithe ábhartha a mheastar a sholáthródh faisnéis maidir le staid na himeartha i ndáil leis an Scéim um dhoiciméadú gabhála. Cuirfidh na Ballstáit a dtuarascálacha faoi bhráid an Choimisiúin nó comhlachta arna ainmniú aige d'fhonn fógra a thabhairt don Coiste um Chomhlíonadh. Cuirfidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige na tuarascálacha sin faoi bhráid Rúnaíocht CGIM tráth nach déanaí ná 30 lá roimh gach seisiún bliantúil de chuid an Choiste um Chomhlíonadh.';

(61) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

‘*Airteagal 94a*

Acmhainneacht cabhlaigh iascaireachta agus iarracht iascaireachta

Déanfaidh na Ballstáit an acmhainneacht cabhlaigh iascaireachta nó an iarracht iascaireachta a choinneáil ar bun ar na leibhéil a údaraíodh agus a cuireadh i bhfeidhm le linn na tréimhse 2015 go 2021 i dtaca le saothrú fíogach gobach sa Mhuir Dhubh.

Airteagal 96b

Faireachán eolaíoch

1. Rannchuideoidh na Ballstáit le cur chun feidhme chlár taighde CGIM maidir leis an bhfíogach gobach sa Mhuir Dhubh agus áiritheoidh siad go ndéanfar faireachán eolaíoch leordhóthanach ar stádas speiceas fíogaigh ghobaigh go bliantúil.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an longúinéir nó an máistir soithigh faisnéis maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta, sonraí gabhála, gabhálacha de thaisme, teagmhais scaoilte nó aischuir i gcás an fhíogaigh ghobaigh a thaifeadadh sa logleabhar agus go dtuairisceofar don Choimisiún í laistigh dá dtuairisciú náisiúnta bliantúil, i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe sonraí sna moltaí ábhartha ó CGIM, i gcomhréir le Creat Tagartha CGIM um Bailiú Sonraí (DCRF). Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar aon bheart breise is gá chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí chun críoch an fhaireacháin eolaíoch ar speicis fíogaigh ghobaigh.

4. Baileoidh na Ballstáit faisnéis iontaofa maidir leis na tionchair ar phobail céiticeach sa Mhuir Dhubh atá ag eangacha geolbhaigh grinneallsocraithe a dhíríonn ar fhíogaigh ghobacha.

Airteagal 96c

Bearta bainistíochta cabhlach

1. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Eanáir gach bliain, liostaí de na soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar an bhfíogach gobach agus a dhéanann iascaireacht ghníomhach air sa Mhuir Dhubh. Áireofar ar an liosta sin, i gcás gach soithigh, an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII.

Tarchuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Eanáir gach bliain. Ní cheadófar do shoithí iascaireachta a dhíríonn ar an bhfíogach gobach gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh ach amháin má tá na gníomhaíochtaí iascaireachta sin sonraithe in údarú iascaireachta bailí arna eisiúint ag na húdaráis inniúla agus lena sonraítear na coinníollacha teicniúla faoina ndéanfar na gníomhaíochtaí iascaireachta sin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún go pras maidir le haon soitheach a chuirtear le cabhlaigh iascaireachta le haghaidh an fhíogaigh ghobaigh nó a bhaintear díobh nó maidir le haon mhodhnú orthu aon tráth a tharlaíonn na hathruithe sin nó ar bhonn míosúil ar a laghad. Cuirfidh an Coimisiún Rúnaíocht CGIM ar an eolas faoi na hathruithe sin gan mhoill.

3. Soithí nach bhfuil liostaithe ag na Ballstáit, ní dhéanfaidh siad an fíogach gobach a ghabháil, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil ná a dhíol.

4. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Iúil agus faoin 15 Eanáir gach bliain, tuarascálacha mionsonraithe maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta soithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar fhíogaigh ghobacha nó a ghabh fíogaigh ghobacha mar fhoghabháil nó mar ghabháil de thaisme.

Áireofar sna tuarascálacha sin na nithe seo a leanas ar a laghad:

(a) laethanta oibríochta;

(b) limistéar oibríochta;

(c) an ghabháil iomlán fíogach gobach.

Tarchuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Iúil agus faoin 30 Eanáir gach bliain.

Airteagal 96d

Bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar iascaireacht NNN

Áiritheoidh na Ballstáit go ndearbhóidh soithí a dhéanann iascaireacht in FLG 29 gach gabháil agus foghabháil fíogach gobach.

Gan dochar d'Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, dearbhóidh iascairí nó máistrí soithí iascaireachta gach gabháil agus foghabháil fíogach gobach sa logleabhar, gan beann ar thoirt na gabhála ná an trealamh a úsáidtear.

Airteagal 96e

Láithreacha tabhairt i dtír

1. Ainmneoidh na Ballstáit na láithreacha tabhairt i dtír ina ndéanfaidh soithí a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar fhíogaigh ghobacha sa Mhuir Dhubh tabhairt i dtír.

2. I gcás gach láithrigh tabhairt i dtír ainmnithe dá dtagraítear i mír 1, sonróidh na Ballstáit na hamanna agus na háiteanna ina gceadófar tabhairt i dtír agus trasloingsiú.

3. Beidh toirmeasc ar aon chainníocht fíogach bogach a ghabhtar sa Mhuir Dhubh a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ó shoithí iascaireachta in aon áit seachas sna láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe dá dtagraítear i mír 1.

4. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún faoin 15 Samhain gach bliain aon athrú a dhéanfar ar liosta na láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe dá dtagraítear i mír 1. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Samhain gach bliain.';

(62) leasaítear Airteagal 98 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit ardchosaint ar ghníomhaíochtaí iascaireachta do na speicis ealásmabrainciaigh a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bPrótacal maidir le limistéir atá faoi chosaint speisialta agus maidir le héagsúlacht bhitheolaíoch sa Mheánmhuir. Spreagfaidh na Ballstáit tuilleadh gníomhaíochtaí lena gcuirfear feabhas ar stádas caomhnaithe na speiceas ealásmabrainciaigh a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an bPrótacal sin agus lena maolófar aran riosca go ngabhfar de thaisme in oibríochtaí iascaireachta nó ar an mbásmhaireacht atá bainteach leo nó, i gcás inar féidir, an riosca agus an bhásmhaireacht sin a dhíothú.';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘4. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún, faoin 15 Aibreán 2026, maidir le gníomhaíocht amháin ar a laghad in aghaidh an speicis/inscne a liostaítear in Iarscríbhinn XVII agus a fhaightear in FLGanna 1-27, nó maidir le cúig ghníomhaíocht speiceas-shonracha san iomlán ar a laghad lena gcuirfear feabhas ar stádas caomhantais ealásmabrainciach nó lena maolófar ar an riosca go ngabhfar ealásmabrainciaigh de thaisme in oibríochtaí iascaireachta nó, ar an mbásmhaireacht atá bainteach leo nó, i gcás inar féidir, lena ndéanfar an riosca agus an bhásmhaireacht sin a dhíothú. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán 2026.

5. Moltar do na Ballstáit bearta maolaithe a dhéanamh agus a ghlacadh lena ndéanfar gabháil de thaisme ealásmabrainciach le linn oibríochtaí iascaireachta a íoslaghdú nó, i gcás inar féidir, an ghabháil sin a dhíothú, agus lena ndéanfar rátaí marthanais iarscaoilte a mhéadú in iascaigh ina bhfuil ardriosca foghabhála arna shainaithint ag CCE agus, i gcás inar féidir, in iascaigh lena ngabhann riosca íseal foghabhála. Beidh faireachán eolaíoch iomchuí ag gabháil leis na bearta sin chun éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí a bhunú agus féadfar a áireamh orthu, *inter alia*:

(a) modhnuithe ar threalamh iascaireachta agus cineálacha trealaimh iascaireachta malartacha;

(b) feabhsuithe ar mharcáil agus brath trealaimh iascaireachta;

(c) srianta ama agus limistéir ar an iascaireacht nó tréimhsí coiscthe, más iomchuí;

(d) cur chun feidhme uastairseacha foghabhála féideartha; agus

(e) úsáid gléasanna bactha maighnéadacha, nuair atá siad bunaithe ar staidéir eolaíocha agus tar éis meastóireacht costais agus tairbhe.

6. Féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh freisin, ar bhonn deonach, ar chineálacha eile bainistíochta amhail an bhainistíocht dhreasachtbhunaithe, lena dtugtar luaíocht d’oibreoirí ísiltionchair agus an tráth céanna lena spreagtar d’oibreoirí drochfheidhmíochta cleachtais níos fearr a ghlacadh nó an tionscal a fhágáil, nó an bhainistíocht bunaithe ar dhreasachtaí margaidh, lena n-áirítear, mar shampla, lipéadú “ealásmabrainciaigh-shábháilte” nó “ealásmabrainciaigh-neamhdhíobhálach” in iascaigh lena ngabhann riosca idir meánach agus ard go dtarlóidh idirghníomhaíochtaí le healásmabrainciaigh.

7. Ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí iascaireachta a ghabhann speicis siorca in FLGanna 1 go 27, mar fhoghabháil nó de thaisme, teorann a chur leis an bhfoghabháil siorcanna a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le limistéir atá faoi chosaint speisialta agus maidir le héagsúlacht bhitheolaíoch sa Mheánmhuir do chéatadán uasta den ghabháil iomlán de réir meáchain in aghaidh an turais iascaireachta nó go líon nach mó ná trí eiseamal.’;

(63) in Airteagal 102, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. I limistéir gheografacha na Meánmhara (FLGanna 1-27) ina dtarlaíonn gabhálacha de thaisme de na speiceas éanlaithe mara a liostaítear faoi Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bPrótacal maidir le limistéir atá faoi chosaint speisialta agus maidir le héagsúlacht bhitheolaíoch sa Mheánmhuir, beidh feidhm ag na bearta seo a leanas de réir chomhairle CCE:

(a) baileoidh na Ballstáit sonraí chun foghabháil éanlaithe mara san iascach a shaintréithriú go hiomlán, lena n-áirítear gabháil cánóg Bailéarach (*Puffinus mauretanicus*) de thaisme, ar speiceas é atá i mbaol criticiúil.

(b) déanfaidh na Ballstáit meastóireacht ar éifeachtacht dhá cheann ar a laghad de na bearta maolúcháin idirthréimhseacha a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII lena gcuirtear feabhas ar stádas caomhantais speiceas éanlaithe mara nó lena maolaítear ar an riosca go ngabhfar éanlaithe mara de thaisme in oibríochtaí iascaireachta agus ar an mbásmhaireacht atá bainteach leis agus, i gcás inar féidir, an riosca agus an bhásmhaireacht sin a dhíothú.

Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún, faoin 15 Aibreán gach bliain, na sonraí arna mbailiú i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír. Tarchuirfidh an Coimisiún na sonraí sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán gach bliain.

Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír maidir leis na Ballstáit a bhfuil meastóireacht den sórt sin déanta acu cheana féin roimh an 24 Samhain 2026.';

(64) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 103a*

Bearta maolúcháin

1. Moltar do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun bearta a chur chun feidhme lena maolófar ar ghabháil de thaisme turtar mara le linn oibríochtaí iascaireachta nó, i gcás inar féidir, an ghabháil sin a dhíothú, amhail na nithe seo a leanas:

(a) modhnuithe ar threalamh iascaireachta agus cineálacha trealaimh iascaireachta malartacha;

(b) srianta ama agus limistéir ar an iascaireacht agus tréimhsí coiscthe, amhail iad siúd atá bunaithe ar bhearta aitheantais spásúil, mar shampla, chun a aithint go bhfuil turtair mhara ann;

(c) feabhsuithe ar mharcáil agus brath trealaimh iascaireachta, lena n-áirítear frithchaiteacht fuaime, amhail úsáid a bhaint as eangacha daite, frithchaiteoirí éighníomhacha solais, trastomhas sreangáin níos tibhe, coirc nó ábhair eile laistigh den eangach, comhdhúile miotail a bhfuil gnéithe braite fuaime acu amhail sulfáit bhairiam, agus eangacha a shoilsiú le maidí solais ceallra-oibrithe;

(d) uastairseacha féideartha le haghaidh gabhálacha de thaisme a chur chun feidhme agus gairis eisiatóra turtar a úsáid in éineacht le gairis sórtála agus aoireachta; agus

(e) rialacha maidir le hiompraíocht agus straitéisí iascaireachta.

2. Moltar do na Ballstáit cur chun feidhme na mbeart a éascú chun an dul i bhfostú a sheachaint le linn gníomhaíocht foghla agus chun an bhásmhaireacht iarscaoilte a laghdú, trí threoirlínte agus oiliúint iomchuí.

3. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit bearta chun feidhme de bhun mhíreanna 1 agus 2, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi dhá cheann ar a laghad de na bearta sin faoin 1 Nollaig 2026. Ina leith sin, cuirfear san áireamh na limistéir agus na cabhlaigh lena ngabhann rioscaí níos airde go dtarlóidh idirghníomhuithe.

4. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaíocht CGIM gan mhoill faoi na bearta dá dtagraítear i mír 3.';

(65) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 105a*

Bearta maolúcháin

1. Moltar do na Ballstáit bearta maolaithe foghabhála a leathnú chun íoslaghdú a dhéanamh ar ghabháil céiticeach de thaisme le linn oibríochtaí iascaireachta in iascaigh lena ngabhann riosca ard foghabhála arna sainaithint ag CCE nó, i gcás inar féidir, an ghabháil sin a dhíothú. Gabhfaidh faireachán iomchuí leis na bearta maolúcháin sin chun éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí a shuí agus féadfar a áireamh orthu, *inter alia*;

(a) modhnuithe ar threalamh iascaireachta agus cineálacha trealaimh iascaireachta malartacha;

(b) feabhsuithe ar mharcáil agus brath trealaimh iascaireachta;

(c) srianta ama agus limistéir ar an iascaireacht nó tréimhsí coiscthe, más iomchuí;

(d) cur chun feidhme uastairseacha foghabhála féideartha;

(e) feistí fuaimchiaptha a úsáid; agus

(f) modhnuithe ar iompraíocht iascaireachta agus straitéisí iascaireachta.

2. Moltar do na Ballstáit cur chun feidhme na mbeart a éascú chun an dul i bhfostú a sheachaint le linn gníomhaíocht foghla agus chun an bhásmhaireacht iarscaoilte a laghdú, trí threoirlínte agus oiliúint iomchuí.

3. Moltar do na Ballstáit limistéir a shainaithint lena ngabhann riosca ard go dtarlóidh idirghníomhuithe idir an t-iascach agus céiticigh agus, bunaithe ar na brúnna atá ann cheana, féadfaidh siad breithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme a leasú.

4. Féadfaidh an Coimisiún nó na Ballstáit breithniú a dhéanamh freisin, ar bhonn deonach, ar chineálacha eile bainistíochta amhail an bhainistíocht dhreasachtbhunaithe, lena dtugtar luaíocht d'oibreoirí ísiltionchair agus lena spreagtar an tráth céanna d'oibreoirí drochfheidhmíochta cleachtais níos fearr a ghlacadh nó an tionscal a fhágáil, nó an bhainistíocht bunaithe ar dhreasachtaí margaidh, lena n-áirítear, mar shampla, an lipéadú "deilf-shábháilte" nó "deilf-neamhdhíobhálach" in iascaigh lena ngabhann riosca idir meánach agus ard go dtarlóidh idirghníomhaíochtaí le céiticigh.

5. Faoin 1 Nollaig 2026, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi dhá cheann ar a laghad de na bearta maolúcháin arna gcur chun feidhme de bhun mhíreanna 1 go 4.

6. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaíocht CGIM gan mhoill faoi na bearta maolúcháin dá dtagraítear i mír 5.
';

(66) in Airteagal 106, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Gan dochar do na forálacha níos déine a leagtar síos in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, déanfaidh máistrí soithí iascaireachta an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh sna logleabhair iascaireachta:

(a) aon chás de ghabháil de thaisme agus scaoileadh saor éan mara;

(b) aon chás de ghabháil de thaisme agus scaoileadh saor turtar mara;

(c) aon chás de ghabháil de thaisme agus scaoileadh saor rónta manaigh;

(d) aon chás de ghabháil de thaisme agus scaoileadh saor céiticeach;

(e) aon chás de ghabháil de thaisme, scaoileadh nó aischur speiceas siorca in FLGanna 1 go 27, ar speicis iad a liostaítear in Iarscríbhinn II nó III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le Bithéagsúlacht sa Mheánmhuir

(f) aon chás de ghabháil ealásmabrainciach de thaisme in FLGanna 1 go 27.';

(67) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 107:

'*Airteagal 107*

Limistéar srianta iascaigh a bhunú

Bunaítear limistéar srianta iascaigh i Murascaill an Leoin thoir (folimistéar geografach 7) d'fhonn cosaint na gcomhbhailiúchán sceite agus na ngnáthóg íogair domhainfharraige a threisiú.

Déanfar an limistéar srianta iascaigh dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo a roinnt ina dhá chroiseanna, Crois A agus Crois B, agus a theorannú leis na línte lena gceanglaítear na comhordanáidí geografacha a shainítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XI.';

(68) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 107a*

Acmhainn iascaireachta agus iarracht iascaireachta a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu

1. D'fhonn rannchuidiú le héiceachórais leochaileacha mhuirí agus gnáthóga bunriachtanacha éisc do stoic ghrinnill amhail colmóir Eorpach a chosaint, beidh toirmeasc i gCrois A ar aon soithí iascaireachta gairmiúla a dhíríonn ar stoic ghrinnill agus a úsáideann eangacha tarraingthe, spiléir ghrinnill nó mheánuisce nó eangacha grinneallsocraithe.

2. Beidh toirmeasc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta lena ndírítear ar stoic ghrinnill agus lena n-úsáidtear eangacha tarraingthe, spiléir ghrinnill nó mheánuisce nó eangacha grinneallsocraithe i gCrois B ón 1 Samhain go dtí an 30 Aibreán gach bliain.

3. Beidh toirmeasc ar aon ghníomhaíocht iascaireachta áineasa i gCrois A agus i gCrois B.';

(69) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 108:

'*Airteagal 108*

Iarracht iascaireachta

An iarracht iascaireachta bhliantúil (laethanta ar muir) a dhéanfaidh soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar stoic ghrinnill sa limistéar srianta iascaigh agus a úsáideann eangacha tarraingthe, spiléir ghrinnill nó mheánuisce nó eangacha grinneallsocraithe, ní rachaidh sí thar leibhéal na hiarrachta iascaireachta a rinneadh le linn na tréimhse tagartha 2015 go 2017).';

(70) leasaítear Airteagal 110 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Mura ndearna siad cheana é, cuirfidh na Ballstáit an reachtaíocht náisiúnta a bhí i bhfeidhm an 31 Nollaig 2008 in iúl don Choimisiún maidir leis an méid seo a leanas:

(a) uastréimhse na gníomhaíochta iascaireachta laethúla;

(b) an líon uasta laethanta ar muir.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'4. Ní aistreoidh na Ballstáit iarracht idir soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh sa limistéar srianta iascaigh agus a úsáideann cineálacha éagsúla trealaimh.';

(71) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'*Airteagal 110a*

Bailiú sonraí agus faireachán eolaíoch

1. Forbróidh na Ballstáit plean faireacháin eolaíoch don limistéar srianta iascaigh.

Tuairisceoidh na Ballstáit torthaí an phlean faireacháin eolaíoch dá dtagraítear sa chéad fhomhír don Choimisiún.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh úinéirí soithí an méid seo a leanas:

(a) faisnéis maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta, sonraí gabhála príomhspeiceas dá dtagraítear in Airteagal 108, gabhálacha de thaisme, scaoileadh nó aischur speiceas íogair a liostaítear in Iarscríbhinn II nó III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le Bithéagsúlacht sa Mheánmhuir a thaifeadadh sa logleabhar leictreonach nó i ndoiciméad coibhéiseach i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus na ceanglais tuairiscithe sonraí sna moltaí ábhartha ó CGIM;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo a thuairisciú do na húdaráis náisiúnta, chun fógra a thabhairt laistigh dá dtuairisciú náisiúnta bliantúil i gcomhréir le lámhleabhar an Chreata Tagartha do Bhailiú Sonraí (DCRF) de chuid CGIM.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar aon bheart breise eile, mar shampla cumhdach 5 % ar bhreathnóirí ar bord nó cianfhaireachán leictreonach d'fhonn cothrom na Féinne a chur chun cinn idir na soithí uile, chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí d'fhonn faireachán eolaíoch a dhéanamh ar na príomhspeicis dá dtagraítear in Airteagal 108.

Airteagal 110b

Bearta rialaithe agus forfheidhmiúcháin

1. Coimeádfaidh na Ballstáit liosta de na soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh sa limistéar srianta iascaigh.

2. Cuirfidh na Ballstáit liosta nuashonraithe dá dtagraítear i mír 1 in iúl do Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán gach bliain, trí ardán ar líne an Chreata Tagartha maidir le Bailiú Sonraí (DCRF) de chuid CGIM. I gcás gach soithigh, beidh an fhaisnéis a mhionsonraítear in Iarscríbhinn VIII sa leagan nuashonraithe sin den liosta.

3. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Bealtaine gach bliain maidir leis na bearta bainistíochta atá déanta acu sa limistéar srianta iascaigh. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Bealtaine gach bliain.

4. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún na coinníollacha dlíthiúla dá bhforáiltear ina ndlí náisiúnta, mar a bhí i bhfeidhm an 31 Nollaig 2023, maidir le huasfhad an lae iascaireachta. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin in iúl do Rúnaíocht CGIM gan mhoill. Níl bheidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le Ballstáit a bhfuil na coinníollacha dlíthiúla sin curtha in iúl don Choimisiún acu cheana féin.

5. Soithí iascaireachta ar mó ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán atá ar idirthuras sa limistéar srianta iascaigh, beidh trasfhreagróir oibríochtúil ar bord acu le haghaidh VMS nó Córais Aitheantais Uathoibríoch ina dtaispeánfar tarchur méadaithe sonraí, agus beidh an trealamh iascaireachta ar fad fáiscthe agus stuáilte acu le linn thréimhse iomlán an idirthurais. Leanfaidh soithí iascaireachta idirthurais cúrsa díreach faoi luas seasmhach nach lú ná 6 mhuirmhíle, ach amháin i gcás force majeure nó drochaimsire. Sna cásanna sin, cuirfidh máistir an tsoithigh lárionad faireacháin iascaigh Stát brataí an tsoithigh ar an eolas láithreach ionas gur féidir leis fógra a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát faoin force majeure.';

(72) scriostar Airteagal 112;

(73) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 113:

'*Airteagal 113*

Limistéir Shrianta Iascaigh

Toirmeascfar iascaireacht le heangacha tráil ghrinnill sna limistéir seo a leanas:

(a) an limistéar srianta iascaigh "Taobh Thoir de Bhanc na nEachtraí" atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn XI;

(b) an limistéar srianta iascaigh "Taobh Thiar d'Imchuach Gela" atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn XI;

(c) an limistéar srianta iascaigh "Taobh Thoir de Bhanc Mhálta" atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn XI.

Aon ghníomhaíocht iascaireachta grinnill, lena n-áirítear iascach áineasa, gan beann ar fhad foriomlán na soithí, ní cheadófar í sna limistéir shrianta iascaigh dá dtagraítear i mír 1';

(74) in Airteagal 115, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'4. Beidh toirmeasc ar ghníomhaíocht iascaireachta le peas-saighní agus tráil pheiligeacha a dhíríonn ar ainseabhaithe nó sairdíní sa limistéar atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid D d'Iarscríbhinn XI.';

(75) cuirtear na ranna seo a leanas leis:

'Roinn V

Trasloingsithe

Airteagal 120a

Raon feidhme

1. Gan dochar d'Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, leis an roinn seo rialaítear oibríochtaí trasloingsithe i limistéar Chomhaontú CGIM, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.

2. Toirmeascfar trasloingsithe ar muir lasmuigh d'uiscí an Aontais, seachas i gcás force majeure arna bhrath go dlíthiúil ag údarás rialaithe laistigh de limistéar Chomhaontú CGIM.

3. Ní cheadófar trasloingsithe ach i gcalafoirt ainmnithe, láithreacha tabhairt i dtír nó áiteanna gar don chladach atá údaraithe chun na críche sin, faoi réir údarú agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa roinn seo.

4. Ní dhéanfar trasloingsiú má áirítear aon cheann de na soithí atá páirteach ar liosta soithí NNN CGIM.

5. Chun críoch na roinne seo, ní bhreithneofar gur trasloingsiú é athshocrú, gníomhaíochtaí trálaeireachta péire ná oibríochtaí iascaireachta ina mbíonn gníomhaíocht chomhpháirteach á déanamh ag dhá shoitheach iascaireachta nó níos mó ó na Ballstáit nó ó Pháirtithe Conarthacha in CGIM.

Airteagal 120b

Oibríochtaí trasloingsithe ag an gcalafort

1. Ní cheadófar oibríocht trasloingsithe ag an gcalafort ach faoi réir údarú arna éisiúint ag údaráis na mBallstát cósta agus ag údaráis Stát brataí na soithí.

2. Eiseofar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 nuair a bheidh sé fíoraithe ag údaráis Stát brataí an tsoithigh go bhfuil na gníomhaíochtaí a dhéanann na soithí atá rannpháirteach sa trasloingsiú i gcomhréir le bearta caomhnúcháin agus bainistíochta CGIM agus nach raibh na soithí ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta NNN.

3. Coinneofar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 ar bord an tsoithigh deontóra agus cuirfear ar fáil é le linn nós imeachta cigireachta nó rialaithe.

4. Tabharfaidh máistir an tsoithigh iascaireachta deontóra fógra d'údaráis Bhallstát an chalafoirt faoi aitheantas an tsoithigh ghlactha, agus faoin dáta, am agus faoin gcalafort ina dtarlóidh an trasloingsiú, 48 n-uair an chloig ar a laghad roimh an oibríocht trasloingsithe.

5. Is éard a bheidh san aitheantas dá dtagraítear i mír 4, ainm an tsoithigh, uimhir na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), an chláruimhir CGIM, an mharcáil sheachtrach, an calafort clárúcháin agus bratach an tsoithigh iascaireachta.

6. Tarchuirfidh máistir an tsoithigh ghlactha dearbhú trasloingsithe CGIM chuig údaráis inniúla an Stáit a dtarlóidh an tabhairt i dtír ann 48 n-uair a chloig roimh an dtabhairt i dtír.

7. Déanfaidh máistir an tsoithigh ghlactha, tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig roimh thús an trasloingsithe, faisnéis maidir leis na gabhálacha agus an táirge iascaigh ar bord a chomhlánú agus a tharchur chuig údaráis Bhallstát an chalafoirt. Tuairisceofar gabhálacha trí speicis agus meáchan nó an líon eiseamal a shonrú i gcás inarb ábhartha.

8. Ceanglóidh na Ballstáit ar mháistir an tsoithigh iascaireachta deontóra a eisíonn an t-iarratas an fhaisnéis seo a leanas a tharchur:

(a) speiceas de réir alfa-chód aitheantais Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) agus de réir fhoirm an táirge;

(b) na gabhálacha ar bord atá le trasloingsiú, an beomheáchan in kg, an meáchan próiseáilte in kg nó an líon aonán, i gcás inarb ábhartha;

(c) suíomh geografach na ngabhálacha (mar a thaifeadtar sa logleabhar);

(d) an láthair agus an dáta atáthar a ndéanfar an trasloingsiú;

(e) ainm, uimhir chlárúcháin, uimhir IMO agus bratach an tsoithigh ghlactha.

9. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar shoithí nach bhfuil a mbratach ar foluain acu agus a bhfuil rochtain ar a gcalafoirt á lorg acu, agus áiritheoidh siad nach raibh na soithí sin ag gabháil d'iascaireacht nó do ghníomhaíochtaí iascaireachta lena sáraítear aon bheart caomhnúcháin CGIM.

Airteagal 120c

Dearbhuithe trasloingsithe CGIM

1. Máistrí soithí iascaireachta ar mó ná 15 mhéadar a bhfad foriomlán atá páirteach in oibríocht trasloingsithe, comhlánóidh siad dearbhú trasloingsithe CGIM i gcomhréir le hIarscríbhinn XX agus sonróidh siad go sonrach na cainníochtaí uile de gach speiceas a thrasloingsítear nó a fhaightear ar mó iad ná 50 kg de choibhéis bheomheáchain nó sonróidh siad an líon eiseamal, i gcás inarb ábhartha.

2. Beidh na nithe seo a leanas ar a laghad sa dearbhú trasloingsithe CGIM:

(a) uimhir aitheantais sheachtrach agus ainm na soithí iascaireachta deontóra agus glactha araon;

(b) cód alfa-3 FAO gach speicis agus limistéar geografach ábhartha CGIM inar tógadh na gabhálacha;

(c) na cainníochtaí measta de gach speiceas in kg táirgemheáchain, arna gcatagóiriú de réir chineál chur i láthair an táirge, nó, i gcás inarb iomchuí, líon na n-eiseamal, lena n-áirítear na cainníochtaí nó na heiseamail atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe is infheidhme, mar iontráil ar leithligh;

(d) calafort cinn scríbe an tsoithigh iascaireachta ghlactha;

(e) calafort ainmnithe an trasloingsithe.

3. A luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis an trasloingsithe, cuirfidh máistrí an tsoithigh iascaireachta deontóra agus an tsoithigh iascaireachta ghlactha araon dearbhú trasloingsithe CGIM faoi bhráid na bpáirtithe seo a leanas:

(a) a mBallstát brataí; agus

(b) má rinneadh an trasloingsiú i gcalafort Ballstáit eile nó i gcalafort Páirtí Chonarthaigh neamh-AE in CGIM, cuirfear an dearbhú trasloingsithe CGIM faoi bhráid údaráis inniúla an chalafoirt lena mbaineann freisin.

4. Déanfaidh máistir an tsoithigh iascaireachta ghlactha agus máistir an tsoithigh iascaireachta deontóra an dearbhú trasloingsithe CGIM a shíniú.

5. Beidh máistrí na soithí iascaireachta deontóra agus na soithí iascaireachta glactha araon freagrach as cruinneas na sonraí a thaifeadtar ina ndearbhú trasloingsithe CGIM.

6. Coinneofar cóip den dearbhú trasloingsithe CGIM ar bord gach soithigh iascaireachta go dtí go dtabharfar na gabhálacha agus na táirgí iascaigh uile i dtír.

Airteagal 120d

Bearta faireacháin agus rialaithe

1. I gcás gach speicis, 10 % a bheidh sa chorrlach lamháltais a cheadófar le haghaidh na meastachán a thaifeadtar sa dearbhú trasloingsithe CGIM ar na cainníochtaí beomheáchain éisc in kg arna dtrasloingsiú nó arna bhfáil.

2. Déanfaidh údaráis Bhallstát an chalafoirt athbhreithniú ar an bhfaisnéis a fhaightear, i gcomhar le húdaráis Stát brataí na soithí iascaireachta, más gá, chun comhsheasmhacht idir gabhálacha, trasloingsithe agus tabhairt i dtír arna dtuairisciú ag gach soitheach iascaireachta a chinneadh. Déanfar an fíorú sin ar bhealach lena n-áiritheofar go mbeidh an oiread is lú de chur isteach nó de mhíchaoithiúlacht ann don soitheach agus go seachnófar aon díghrádú ar an iasc.

3. Ceanglófar arar gach soitheach iascaireachta deontóra agus glactha atá údaraithe trasloingsiú a dhéanamh VMS a bheith ar bord acu mar a thuairiscítear in Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiúin (*).

Airteagal 120e

Tuairisciú

1. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún faoin 15 Aibreán gach bliain an liosta de chalafoirt ainmnithe, na láithreacha tabhairt i dtír agus na n-áiteanna gar don chladach ina gceadaítear oibríochtaí trasloingsithe faoin roinn seo.

2. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a thuairisciú do Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán gach bliain.

3. Déanfaidh na Ballstáit aon fhaisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme Mholadh CGIM/45/2022/14 a thuairisciú don Choimisiún faoin 15 Aibreán gach bliain.

4. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a sheoladh chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán gach bliain.

Roinn VI

Iascaigh áineasa sa Mheánmhuir

Airteagal 120f

Raon feidhme

Leis an roinn seo, bunaítear na híosrialacha maidir le bainistíocht, rialú agus faireachán ar ghníomhaíochtaí iascaireachta áineasa sa Mheánmhuir, FLGanna 1 go 27, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.

Airteagal 120g

Toirmisc

Gan dochar do na forálacha níos déine a leagtar síos in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/1241, beidh toirmeasc ar na nithe seo a leanas:

(a) a bheith ag gabháil d'iascaireacht áineasa gan ceadúnas nó clárú iascaireachta bailí, i gcomhréir leis an gCaibidil seo;

(b) gabhálacha ó ghníomhaíochtaí iascaireachta áineasa a dhíol nó a thrádáil;

(c) aon eiseamal a choinneáil ar de na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn XXI é;

(d) aon eiseamal a choinneáil ar lú é na ná híosmhéideanna tagartha caomhnaithe arna nglacadh ag CGIM;

(e) iascaireacht a dhéanamh sna limistéir atá cosanta trí bhíthin mholtaí CGIM agus i gcomhréir leo, go háirithe na gnáthóga íogaire agus na limistéir shrianta iascaigh arna mbunú chun gnáthóga bunriachtanacha éisc agus Eiceachórais Mhuirí Leochaileacha a chosaint agus limistéir ina bhfuil toirmeasc sonrach ar iascaireacht áineasa faoi reachtaíocht náisiúnta na mBallstát;

(f) iascaireacht a dhéanamh faoi uisce le gaireas análaithe neamhspleách;

(g) iascaireacht a dhéanamh faoi uisce ó luí go héirí na gréine;

(h) sleánna láimhe nó sleághunnaí agus gaireas análaithe neamhspleách (aqualung) a bheith idir lámha ag duine i gcomhthráth;

(i) iascaireacht a dhéanamh le substaintí tocsaineacha, támhaithe nó creimneacha, le pléascáin nó le sruth leictreach.

Airteagal 120h

Ceadúnais

Cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm agus coinneoidh siad ar bun scéim um cheadúnú éigeantach nó clárlann lena gcumhdaítear gach iascaire áineasa. Féadfaidh na Ballstáit iascairí de chois a dhíolmhú ó scéim den sórt sin.

Airteagal 120i

Rialú agus forfheidhmiú

1. Déanfaidh na Ballstáit córas chun rialú agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta áineasa, lena comhlánaítear pleananna náisiúnta rialaithe atá ann cheana, a bhunú agus a chur chun feidhme i ndáil le gníomhaíochtaí iascaireachta áineasa a dhéantar ar bord soithí.

2. Beidh an córas dá dtagraítear i mír 1 bunaithe ar anailís riosca, agus minicíocht gníomhaíochtaí iascaireachta áineasa agus na bagairtí a bhaineann leo d'acmhainní bitheolaíocha na mara á gcur san áireamh, go háirithe maidir leis na toirmisc a liostaítear in Airteagal 120g.

3. Déanfaidh na Ballstáit córas éifeachtach smachtbhannaí a bhunú agus a chur chun feidhme i gcoinne aon sárú ar an gCaibidil seo. Beidh na smachtbhannaí agus na pionóis a ghearrfar éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus cuirfear san áireamh iontu minicíocht na ngníomhaíochtaí iascaireachta áineasa agus na bagairtí a bhaineann leo d'acmhainní bitheolaíocha na mara, go háirithe maidir leis na toirmisc a liostaítear in Airteagal 120g.

Airteagal 120j

Bailiú sonraí

Gan dochar do na forálacha níos déine a leagtar síos in Airteagal 55 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, déanfaidh na Ballstáit seiceálacha agus suirbhéanna samplacha ar na gníomhaíochtaí iascaireachta áineasa in uiscí an Aontais, a dhéanfar ar a gcríoch.

Airteagal 120k

Tuairisciú sonraí

1. Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas don Choimisiún faoin 15 Eanáir gach bliain:

(a) an liosta speiceas a dtoirmeasctar iascaireacht áineasa a dhéanamh orthu faoin reachtaíocht náisiúnta nó áitiúil;

(b) na modhanna iascaireachta a thoirmeasctar i gcás iascaireacht áineasa faoin reachtaíocht náisiúnta nó áitiúil;

(c) na limistéir shonracha ina bhfuil toirmeasc ar iascaireacht áineasa faoin reachtaíocht náisiúnta nó áitiúil;

(d) an liosta speiceas a rialáiltear le haghaidh iascaireacht áineasa faoin reachtaíocht náisiúnta nó áitiúil;

(e) aon bheart lena rialáiltear gníomhaíochtaí iascaireachta áineasa faoin reachtaíocht náisiúnta nó áitiúil.

2. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a liostaítear i mír 1 a thuairisciú do Rúnaíocht CGIM faoin 31 Eanáir gach bliain.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/404/oj).';

(76) in Airteagal 122, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Áireofar ar an liosta dá dtagraítear i mír 1 an fhaisnéis a leagtar amach sa chéad cholún d'Iarscríbhinn XXIII agus an fhaisnéis seo a leanas:

(a) cláruimhir cabhlaigh an tsoithigh mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218, agus marcáil sheachtrach an tsoithigh, dá dtagraítear sa Rialachán Cur Chun Feidhme sin;

(b) an tréimhse ar lena linn a údaraítear iascaireacht nó trasloingsiú a dhéanamh;

(c) an trealamh iascaireachta a úsáidtear.';

(77) leasaítear Airteagal 128 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) fianaise arna tuairisciú ag na Ballstáit a thacaíonn leis an toimhde go raibh gníomhaíochtaí iascaireachta NNN ar bun, lena n-áirítear faisnéis maidir le haitheantas an tsoithigh lena mbaineann.';

(b) cuirtear na míreanna 4 go 6 seo a leanas leis:

'4. Faoi raon feidhme na roinne seo, measfar go gníomhaíochtaí iascaireachta NNN ar bun ag soitheach iascaireachta i limistéar Chomhaontú CGIM i gcás ina gcuirfidh Ballstát fianaise i láthair go raibh an soitheach sin i mbun ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas de shárú ar bhearta caomhnúcháin agus bainistíochta CGIM:

(a) na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(b) éisc a shaothrú i limistéar Chomhaontú CGIM gan náisiúntacht;

(c) éisc a shaothrú i limistéar Chomhaontú CGIM gan uimhir aitheantais soithigh leormhaith;

(d) bheith ag gabháil d'iascaireacht nó do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht, de shárú ar bhearta caomhnúcháin agus bainistíochta CGIM eile.

5. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh na Ballstáit imscrúdú ar an ngníomhaíocht iascaireachta NNN líomhnaithe agus faireachán ar na soithí lena mbaineann.

6. I gcás inarb iomchuí, tabharfaidh na Ballstáit fógra d'úinéir soithigh gur chuir an Ballstát faisnéis maidir leis an soitheach sin isteach lena cur ar dhréachtliosta CGIM de shoithí NNN agus faoi na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann dá n-áireofaí an soitheach ar an liosta NNN sin arna ghlacadh ag CGIM.';

(78) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 130:

'*Airteagal 130*

Dréachtliosta CGIM de shoithí NNN

Nuair a gheobhaidh na Ballstáit dréachtliosta CGIM de shoithí NNN ó Rúnaíocht CGIM:

(a) déanfaidh siad dlúthfhaireachán ar na soithí a áirítear ar dhréachtliosta CGIM de shoithí NNN agus cinnfidh siad a ngníomhaíochtaí agus aon athrú a d'fhéadfadh teacht ar ainm, bratach nó úinéir cláraithe an tsoithigh;

(b) tabharfaidh siad fógra d'úinéir an tsoithigh faoina bhratach faoina cuimsiú ar dhréachtliosta CGIM de shoithí NNN agus faoi na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann dá n-áireofaí an soitheach ar an liosta de shoithí NNN arna ghlacadh ag CGIM.

Nuair a gheobhaidh na Ballstáit dréachtliosta CGIM de shoithí NNN CGIM ó Rúnaíocht CGIM, féadfaidh siad a mbarúlacha a chur in iúl don Choimisiún de réir mar is iomchuí.

Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear sa dara mír in iúl do Rúnaíocht CGIM 30 lá ar a laghad roimh sheisiún bliantúil CGIM.

Féadfaidh na Ballstáit aon fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do bhunú liosta CGIM de shoithí NNN a chur faoi bhráid an Choimisiúin 7 lá ar a dhéanaí roimh sheisiún bliantúil CGIM.

Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear sa cheathrú mír chuig Rúnaíocht CGIM roimh sheisiún bliantúil CGIM.';

(79) i gCaibidil III, cuirtear an t-airteagal seo a leanas leis:

'*Airteagal 130a*

Amhairc soithí

1. Baileoidh na Ballstáit, trí oibríochtaí forfheidhmithe agus faireachais arna ndéanamh ag a n-údaráis inniúla i limistéar Chomhaontú CGIM, a mhéid faisnéise is féidir aon uair a amharctar soitheach a bhfuil bratach tríú tír ar foluain aige nó a bhfuil náisiúntacht neamhchinntithe aige nó gan náisiúntacht agus é ag gabháil d'iascaireacht nó do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht a mheastar a bheith NNN.

2. Baileoidh na Ballstáit faisnéis maidir le hamhairc soithí i gcomhréir leis an mbileog faisnéise amhairc a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

3. I gcás ina n-amharcfar soitheach, tabharfaidh an Ballstát amhairc fógra faoin mbileog faisnéise amhairc dá dtagraítear i mír 2 agus soláthróidh sé aon íomhá thaifeadta den soitheach lena mbaineann, gan mhoill, d'údaráis inniúla an Bhallstáit brataí nó do Pháirtithe Conarthacha brataí in CGIM nó do pháirtithe neamhchonarthacha brataí an tsoithigh a amharcadh.

I gcás ina mbeidh bratach Ballstáit ar fallúin ag an soitheach a amharcadh, déanfaidh an Ballstát brataí, gan moill mhíchuí, gníomhaíocht iomchuí i ndáil leis an soitheach lena mbaineann. An Ballstát amhairc agus Ballstát brataí an tsoithigh a amharcadh, soláthróidh siad araon faisnéis maidir leis an amharc don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA), lena n-áirítear sonraí i dtaca le haon ghníomhaíocht leantach a rinneadh.

I gcás ina mbeidh bratach Páirtí Chonarthaigh eile in CGIM ar foluain ag an soitheach a amharcadh, ina mbeidh bratach páirtí neamhchonarthaigh ar foluain aige, i gcás ina mbeidh náisiúntacht neamhchinntithe ag an soitheach, nó i gcás ina mbeidh sian soitheach sin gan náisiúntacht, soláthróidh an Ballstát amhairc an fhaisnéis iomchuí uile maidir leis an amharc don Choimisiún agus do EFCA gan moill mhíchuí. Tarchuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis amhairc sin chuig Rúnaíocht CGIM.

4. Nuair a amharctar soitheach agus i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann le bheith in amhras go bhfuil an soitheach lena mbaineann gan náisiúntacht, féadfaidh oifigigh na mBallstát amhairc dul ar bord an tsoithigh chun a náisiúntacht a dheimhniú. Tabharfaidh na Ballstáit sin fógra don Choimisiún gan mhoill faoi thorthaí na cigireachta sin. Tabharfaidh an Coimisiún fógra faoin toradh sin do Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

5. An fhaisnéis ábhartha a bhailíonn na Ballstáit le linn dóibh bordáil a dhéanamh ar shoithí páirtithe neamhchonarthacha a dhéanann iascaireacht nó gníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht ar speicis a chumhdaítear le bearta bainistíochta iascaigh CGIM in uiscí lasmuigh de dhlínse náisiúnta i limistéar Chomhaontú CGIM, tuairisceoidh siad láithreach don Choimisiún í. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

6. Déanfaidh soithí iascaireachta agus tacaíochta na mBallstát a oibríonn i limistéar Chomhaontú CGIM faisnéis a bhailiú agus a thuairisciú dá n-údaráis intíre inniúla chun tacú leis na hamhairc ar shoithí dá dtagraítear san Airteagal seo.';

(80) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 138a*

Bainistiú sonraí, cosaint sonraí pearsanta agus rúndacht

1. Déanfaidh údaráis na mBallstát agus an Coimisiún na sonraí pearsanta is gá chun Airteagal 15 (1), Airteagal 24(1), Airteagal 30b (4) agus (5), Airteagal 30c, Airteagal 34(1), Airteagal 37b (4) agus (5), Airteagal 37c, Airteagal 47(4), Airteagal 54, Airteagal 63 (4) agus (5), Airteagal 64, Airteagal 70 (2), Airteagal 75f (1), Airteagal 78 (3), Airteagal 94a (1), Airteagal 96c(1), Airteagal 126 agus Airteagal 128 (3) a chur i bhfeidhm a bhailiú agus a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas:

(a) na hoibleagáidí a chomhlíonadh i ndáil le faisnéis soithí iascaireachta ábhartha a shainaithint agus malartuithe sonraí iascaigh a dhéanamh i gcomhréir le Airteagail 15, 24, 34, 47, 70, 74, 78, 94a agus 96c; agus

(b) faireachán, rialú, cigireacht agus faireachas a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta i gcomhréir le hAirteagail 54, 30b, 30c, 37b, 37c, 63, 64, 126 agus 128.

2. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a fhaightear i gcomhréir leis an Rialachán seo a stóráil ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun na críche a bailíodh iad agus, in aon chás, níos faide ná 5 bliana ón mbailiú, seachas i gcás sonraí pearsanta is gá chun go bhféadfar gearáin, sáruithe agus imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin a fhiosrú, ar sonraí iad a fhéadfar a choinneáil go dtí deireadh an nós imeachta, na n-imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha lena mbaineann nó an ama is gá chun smachtbhannaí nó pionóis a chur i bhfeidhm. Má dhéantar na sonraí a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide, déanfar iad a anaithnidiú.

3. Measfar gur rialaitheoirí mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (7), de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) iad údaráis na mBallstát i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a bhailíonn siad agus a tharchuireann siad de bhun an Rialacháin seo.

4. Measfar gur rialaitheoir mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (8), de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) é an Coimisiún i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a bhailíonn sé agus a tharchuireann sé de bhun an Rialacháin seo.

5. I dteannta na n-oibleagáidí a shuitear le Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725, déanfaidh údaráis na mBallstát agus an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) láimhseáil rúnda a áirithiú agus sonraí leictreonacha á dtarchur agus á bhfáil;

(b) na bearta is gá chun na forálacha rúndachta agus slándála a leagtar amach i Moltaí CGIM a chomhlíonadh, lena n-áirítear prótacail iomchuí chriptiúcháin chun rúndacht agus barántúlacht a áirithiú;

(c) i gcás inar gá, arna iarraidh sin do Rúnaíocht CGIM, tuarascálacha nó teachtaireachtaí leictreonacha a cheartú nó a scriosadh, ar tuarascálacha nó teachtaireachtaí iad arna bpróiseáil ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(d) a áirithiú nach stóráiltear agus nach n-úsáidtear sonraí leictreonacha ach amháin chun faireachán, rialú, cigireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh nó chun críoch eile a shonraítear sa Rialachán seo; agus

(e) a áirithiú go n-úsáidfear córais tarchurtha sonraí arna dtástáil go cuí le Rúnaíocht CGIM gach uair a dhéanfar sonraí leictreonacha a tharchur.

6. Áiritheoidh údaráis na mBallstát agus an Coimisiún slándáil phróiseáil na sonraí pearsanta i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear próiseáil sonraí pearsanta ag na húdaráis a bhfuil sé de cheart acu rochtain a fháil ar bhunachair sonraí iascaigh ábhartha. Go sonrach, glacfaidh siad na bearta is gá chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) sonraí a chosaint go fisiciúil, lena n-áirítear pleananna teagmhasacha a dhéanamh d'fhonn bonneagar criticiúil a chosaint;

(b) cosc a chur ar léamh, cóipeáil, modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe ar mheáin sonraí;

(c) iontráil neamhúdaraithe sonraí agus modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta atá ar taifead nó rochtain orthu a chosc;

(d) bac a chur ar phróiseáil neamhúdaraithe sonraí maille le cóipeáil, modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe sonraí;

(e) a áirithiú nach mbeidh rochtain ag na daoine atá údaraithe chun rochtain a fháil ar na bunachair sonraí ábhartha iascaigh ach ar na sonraí a chumhdaítear faoina n-údarú rochtana, trí chéannacht úsáideora ar leithligh agus modhanna rochtana rúnda amháin a úsáid;

(f) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuíomh cé na comhlachtaí CGIM a bhféadfar sonraí pearsanta a tharchur chucu, cé na sonraí a próiseáladh sna bunachair sonraí ábhartha iascaigh, lena n-áirítear cén uair a próiseáladh iad, cé a phróiseáil iad agus cad chuige;

(g) léamh, cóipeáil, modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a chosc, go háirithe le teicnící criptithe iomchuí, agus sonraí pearsanta á dtarchur chuig na bunachair sonraí ábhartha iascaigh nó uathu, nó le linn iompar meán sonraí; agus

(h) faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart slándála dá bhforáiltear sa mhír seo agus na bearta eagrúcháin um fhaireachán inmheánach is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil siad i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(*) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

(**) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).';

(81) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 139:

'*Airteagal 139*

Cumhachtaí a tharmligean

A mhéid is gá, d'fhonn leasuithe ar bhearta CGIM atá curtha chun feidhme cheana, agus a bheidh ina gceangal ar an Aontas, a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leasaítear an Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagal 140, i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) faisnéis a sholáthar faoi Airteagal 120(4) do Rúnaíocht CGIM;

(b) na socruithe a bhaineann le liosta na soithí údaraithe atá le tarchur chuig Rúnaíocht CGIM faoi Airteagail 9, 10, 15, 24 agus 34, Airteagal 47(4), Airteagail 61, 70, 74e agus 75c, Airteagal 78(3), Airteagail 86 agus 96c, Airteagal 116(5) agus Airteagal 122, agus na sonraí atá le háireamh faoi Iarscríbhinní VIII, XIX agus XXIII;

(c) cur chun feidhme na buanscéime doiciméadúcháin gabhála páipéarbhunaithe i ndáil leis an gcoiréalach dearg faoi Airteagal 55 agus Iarscríbhinn X;

(d) bearta arna ndéanamh ag stát an chalafoirt a leagtar amach in Airteagail 123 go 127;

(e) tábla, léarscáil agus comhordanáidí geografacha na FLGanna mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I iad;

(f) nósanna imeachta cigireachta arna ndéanamh ag stát an chalafoirt maidir le soithí, a leagtar amach in Iarscríbhinn II;

(g) na maitrísí staidrimh CGIM a leagtar amach in Iarscríbhinn III;

(h) tagairtí do ghníomhartha idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 120(2) agus Airteagal 120e(3);

(i) faisnéis maidir le hamhairc soithí in Iarscríbhinn VII a leagan amach; agus

(j) bearta a bhaineann leis an turbard a leagtar amach in Airteagail 90 go 94a agus Iarscríbhinn XXIV.';

(82) ionadaítear Iarscríbhinní VII, VIII, X agus XI mar a leagtar amach i bpointí (1) agus (2) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(83) cuirtear Iarscríbhinní XVII, XVIII, XIX, XX, XXI, XXII, XXIII, XXIV agus XXV leis mar a leagtar amach i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 21 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	T. DOOLEY

IARSCRÍBHINN

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinní VII agus VIII:

'IARSCRÍBHINN VII

TUARASCÁIL AMHAIRC

Tuarascáil amhairc
1. Dáta an amhairc: Am Lá Mí Bliain
2. Suíomh an tsoithigh a amharcadh: Domhanleithead Domhanfhad Limistéar iascaireachta folimistéar geografach Roinn:
3. Ainm an tsoithigh a amharcadh:
4. An Stát brataí:
5. Calafort clárúcháin (agus tír chlárúcháin):
6. Cineál soithigh:
7. Comhartha Aitheantais Idirnáisiúnta Raidió:
8. Uimhir chlárúcháin náisiúnta:
9. Uimhir chlárúcháin an tsoithigh:
10. Uimhir IMO:
11. Cur síos ar an soitheach: Fad foriomlán measta agus olltonnáiste: m Leithead measta: Barúlacha eile:
12. Tuairisc ar threalamh iascaireachta (más infheidhme): Cineál: Cainníocht mheasta (aonaid):
13. Staid an tsoithigh (déan é a sheiceáil): [] Iascaireacht [] Cúrsáil [] Imeacht le sruth [] Soláthar [] Trasloingsiú [] Eile (sonraigh):

14. Cineál gníomhaíochtaí an tsoithigh a amharcadh (tabhair tuairisc):

Dáta: An t-am: Gníomhaíocht: Treo: Suíomh:

Ar measadh go raibh an soitheach ag saothrú éisc in uiscí muirí faoi dhlínse náisiúnta stáit chósta i limistéar Chomhaontú CGIM gan cead a fháil ón stát sin nó de shárú ar a ndlíthe agus ar a rialacháin? [] Measadh [] Níor measadh

Ar measadh go raibh an soitheach ag gabháil de ghníomhaíochtaí iascaireachta le linn tréimhsí coiscthe iascaireachta nó i limistéir choiscthe? [] Measadh [] Níor measadh

Ar measadh go raibh an soitheach ag gabháil de ghníomhaíochtaí trasloingsithe ar muir? [] Measadh [] Níor measadh

Ar measadh go raibh an soitheach ag iascaireacht gan náisiúntacht? [] Measadh [] Níor measadh

An raibh toimhde ann go raibh an soitheach ag gabháil de ghníomhaíochtaí iascaireachta gan uimhir aitheantais soithigh leordhóthanach nó le linn dó a mharcálacha seachtracha a cheilt? [] Bhí [] Ní raibh

Ar measadh go raibh an soitheach ag gabháil d'iascaireacht nó do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht, de shárú ar aon bheart caomhnúcháin nó bainistíochta CGIM eile? [] Measadh [] Níor measadh

15. An ndearnadh teagmháil raidió leis an soitheach? [] Rinneadh []

Ní dhearnadh Achoimre ar an gcomhrá leis an soitheach:

16. Faisnéis ábhartha eile:

17. Liosta de na doiciméid atá i gceangal leis seo (amhail grianghraif, tuarascálacha ábhartha arna ndréachtú ag údaráis inniúla etc.):

18. Is é an duine seo a leanas a bhailigh an fhaisnéis thuas: Ainm: Teideal: Modhanna amhairc (lena n-áirítear ainm agus suíomh an tsoithigh/an aerárthaigh, ainm agus suíomh an ionaid faireacháin iascaigh (LFI), i gcás inarb iomchuí): Dáta: (lá) (mí) (bliain) Síniú:

IARSCRÍBHINN VIII

SONRAÍ ATÁ LE CUR SAN ÁIREAMH AR LIOSTA NA SOITHÍ

Beidh an fhaisnéis seo a leanas, i dtaca le gach soitheach, ar an liosta dá dtagraítear in Airteagail 15, 24, 34, 47, 61, 70, 74, 74e, 75f, 77a, 78, 96c, 110b agus 116:

— Ainm an tsoithigh (soitheach údaraithe nó soitheach údaraithe a úsáidtear le haghaidh saothrú)

— Uimhir chláir an tsoithigh (cód arna shannadh ag na Ballstáit)

— Uimhir chlárúcháin CGIM (cód alfa ISO 3 tíre + 9 ndigit, e.g. xxx000000001)

— Calafort clárúcháin (ainm iomlán an chalafoirt)

— Ainm a bhí air roimhe (más ann dó)

— Bratach a bhí aige roimhe seo (más ann di)

— Mionsonraí ar scriosadh ó chláir eile roimhe (más ann dóibh)

— Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió (más ann dó)

— VMS (luaigh Tá/Níl)

— Cineál soithigh, fad foriomlán agus olltonnáiste agus cumhacht innill arna léiriú in kW

— Trealamh sábháilteachta agus slándála chun freastal ar bhreathnóir/ar bhreathnóirí ar bord (sonraigh Tá/Níl) (más infheidhme)

— Príomh-spriocspeicis (más infheidhme)

— Ainm agus seoladh an úinéara/na n-úinéirí agus an oibreora/na n-oibreoirí

— An príomhthrealamh agus leithdháileadh cuid chabhlaigh agus aonad oibríochtúil mar a shainaithnítear sa DCRF (más infheidhme)

— Tréimhse shéasúrach údaraithe le haghaidh iascaireachta:ó LL/MM/BBBB go LL/MM/BBBB agus an trealamh lena mbaineann (más infheidhme)

— Limistéar arna údarú le haghaidh iascaireachta (FLGanna nó dronuilleoga ghreille staidrimh CGIM (más infheidhme)

— Rannpháirtíocht i gcláir taighde ar thionscain institiúidí eolaíochta náisiúnta/idirnáisiúnta (sonraigh Tá/Níl agus tabhair tuairisc) (más infheidhme)

— An líon laethanta iascaireachta ceadaithe do gach soitheach sa bhliain roimhe sin agus an líon laethanta iascaireachta ceadaithe do gach soitheach de réir bliana agus trealaimh (más infheidhme)

— Calafort ainmnithe (más infheidhme)

— Spriocspeicis (más infheidhme).';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinní X agus XI:

'IARSCRÍBHINN X

DEIMHNIÚ SAOTHRAITHE LE HAGHAIDH SCÉIM PÁIPÉARBHUNAITHE UM DHOICIMÉADÚ GABHÁLA COIRÉALACH DEARG DE CHUID CGIM

Deimhniú Saothraithe le hAghaidh Scéim Páipéarbhunaithe um Dhoiciméadú Gabhála Coiréalach Dearg De Chuid CGIM				
Uimhir an doiciméid	Údarás bailíochtúcháin			
1. Ainm:	Seoladh:	Teil. Facs.		
2. Ainm an tSoithigh Iascaireachta:	Bratach - Calafort baile & uimhir chlárúcháin:	Comhartha aitheantais raidió	Uimhir IMO/Lloyd's (i gcás ina n-eiseofar í)	
Uimhir an cheadúnais iascaireachta – bailí go dtí (dáta)	Uimh. Inmarsat Uimh. facs Uimh. Theileafóin Seoladh Ríomhphoist (má eisítear é)			
Calafoirt tabhairt i dtír	Dáta tabhairt i dtír ón…….. go dtí an……			

3. Tuairisc ar an táirge

Limistéar an tsaothraithe		Dáta an tsaothraithe	Glanmheáchan onnmhairiúcháin (kg)	Beomheáchan comhfhreagrach (kg)	Meáchan tuirlingthe comhfhreagrach (kg)
A.					
B.					
C.					
D.					
E.					

4. Ainm mháistir an tsoithigh iascaireachta	Síniú:	Séala:	
5. Ainm agus seoladh an onnmhaireora, más infheidhme	Síniú:	Dáta:	Séala:

6. Bailíochtú údarás an Stáit Brataí:

Ainm/teideal	Síniú:	Dáta:	Séala (stampa):

7. Sonraí iompair, más infheidhme

Tír/calafort/aerfort onnmhairiúcháin, Áit imeachta eile	Modh aitheantóirí iompair (long, eitilt, trucail, etc.)

8. Dearbhú an allmhaireora, más infheidhme

Ainm agus seoladh an allmhaireora	Síniú:	Dáta:	Séala:	Cód CN táirge

(*) cuir tic de réir mar is iomchuí

		Deimhniú ath-onnmhairiúcháin, más infheidhme		
	Uimhir an deimhnithe	Dáta	Ballstát	
	1. Tuairisc ar an táirge arna ath-onnmhairiú	Meáchan (kg)		
	Speiceas	Cód táirge	Difríocht ón gcainníocht iomlán atá dearbhaithe sa deimhniú saothraithe	
	2. Ainm an ath-onnmhaireora	Seoladh:	Síniú:	Dáta:
	3. Údarás			
	Ainm/teideal	Síniú	Dáta:	Séala/stampa
	4. Rialú ar ath-onnmhairiú			
	Áit:	Ath-onnmhairiú údaraithe (*)	Fíorú iarrtha (*)	Uimhir agus dáta an deimhnithe ath-onnmhairiúcháin
	(*) cuir tic de réir mar is iomchuí			

IARSCRÍBHINN XI

LIMISTÉIR SHRIANTA IASCAIGH AGUS COMHORDÁNÁIDÍ LIMISTÉIR MHAOLÁNAIGH

A. Limistéar srianta iascaigh i Murascaill an Leoin

(1) Limistéar srianta iascaigh Chrios A atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas:

— 43°00′ N; 4°49.35′ E

— 43°00′ N; 4°53.7′ E

— 42°55.896′ N; 4°53.7′ E

— 42°55.896′ N; 4°49.35′ E

(2) Limistéar srianta iascaigh Chrios B atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas:

— 42°40′ N; 4°20′ E

— 42°40′ N; 5°00′ E

— 43°00′ N; 4°20′ E

— 43°00′ N; 5°00′ E.

B. Limistéir shrianta iascaigh i gCaolas na Sicile

(1) limistéar srianta iascaigh "Taobh Thoir de Bhanc na nEachtraí" atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas:

— 37° 23.850′ N, 12° 30.072′ E

— 37° 23.884′ N, 12° 48.282′ E

— 37° 11.567′ N, 12° 48.305′ E

— 37° 11.532′ N, 12° 30.095′ E;

(2) limistéar srianta iascaigh "Taobh Thiar d'Imchuach Gela" atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas:

— 37° 12.040′ N, 13° 17.925′ E

— 37° 12.047′ N, 13° 36.170′ E

— 36° 59.725′ N, 13° 36.175′ E

— 36° 59.717′ N, 13° 17.930′ E;

(3) limistéar srianta iascaigh "Taobh Thoir de Bhanc Mhálta" atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas:

— 36° 12.621′ N, 15° 13.338′ E

— 36° 12.621′ N, 15° 26.062′ E

— 35° 59.344′ N, 15° 26.062′ E

— 35° 59.344′ N, 15° 13.338′ E.

C. Limistéir mhaolánacha i gCaolas na Sicile

(1) limistéar maolánach thar timpeall ar an limistéar srianta iascaigh "Taobh Thoir de Bhanc na nEachtraí" atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas:

— 37° 24.849′ N, 12° 28.814′ E

— 37° 24.888′ N, 12° 49.536′ E

— 37° 10.567′ N, 12° 49.559′ E

— 37° 10.528′ N, 12° 28.845′ E;

(2) limistéar maolánach thar timpeall ar an limistéar srianta iascaigh "Taobh Thiar d'Imchuach Gela" atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas:

— 37° 13.041′ N, 13° 16.672′ E

— 37° 13.049′ N, 13° 37.422′ E

— 36° 58.723′ N, 13° 37.424′ E

— 36° 58.715′ N, 13° 16.682′ E;

(3) limistéar maolánach thar timpeall ar an limistéar srianta iascaigh "Taobh Thoir de Bhanc Mhálta" atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas:

— 36° 13.624′ N, 15° 12.102′ E

— 36° 13.624′ N, 15° 27.298′ E

— 35° 58.342′ N, 15° 27.294′ E

— 35° 58.342′ N, 15° 12.106′ E.

D. Srianta iascaireachta i limistéar Jabuka/Pomo Pit i Muir Aidriad

(1) crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas:

— 43° 32.044′ N, 15° 16.501′ E

— 43° 05.452′ N, 14° 58.658′ E

— 43° 03.477′ N, 14° 54.982′ E

— 42° 50.450′ N, 15° 07.431′ E

— 42° 55.618′ N, 15° 18.194′ E

— 43° 17.436′ N, 15° 29.496′ E

— 43° 24.758′ N, 15° 33.215′ E;

(2) crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas:

— 43° 03.477′ N, 14° 54.982′ E

— 42° 49.811′ N, 14° 29.550′ E

— 42° 35.205′ N, 14° 59.611′ E

— 42° 49.668′ N, 15° 05.802′ E

— 42° 50.450′ N, 15° 07.431′ E;

(3) crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas:

— 43° 17.436′ N, 15° 29.496′ E

— 43° 24.758′ N, 15° 33.215′ E

— 43° 20.345′ N, 15° 47.012′ E

— 43° 18.150′ N, 15° 51.362′ E

— 43º 13.984′ N, 15º 55.232′ E

— 43º 12.873′ N, 15º 52.761′ E

— 43º13.494′ N, 15º40.040′ E.

E. Limistéar Srianta Iascaigh i ngnáthóga íogaire domhainfharraige

(1) limistéar srianta iascaigh domhainfharraige “Sceir Lophelia amach ó Capo Santa Maria di Leuca” atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas:

— 39º 27.72′ N, 18º 10.74′ E

— 39º 27.80′ N, 18º 26.68′ E

— 39º 11.16′ N, 18º 32.58′ E

— 39º 11.16′ N, 18º 04.28′ E;

(2) limistéar srianta iascaigh domhainfharraige “Púscadh hidreacarbóin fhuar i limistéar dheilte na Níle” atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas:

— 31º 30.00′ N, 33º 10.00′ E

— 31º 30.00′ N, 34º 00.00′ E

— 32º 00.00′ N, 34º 00.00′ E

— 32º 00.00′ N, 33º 10.00′ E;

(3) limistéar srianta iascaigh domhainfharraige “Tulán Grinnill Eratosthenes” atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas:

— 33º 00.00′ N, 32º 00.00′ E

— 33º 00.00′ N, 33º 00.00′ E

— 34º 00.00′ N, 33º 00.00′ E

— 34º 00.00′ N, 32º 00.00′ E.’;

(3) cuirtear na hIarscríbhinní seo a leanas leis:

'IARSCRÍBHINN XVII

GNÍOMHAÍOCHTAÍ SPEICEAS-SHONRACHA LE HAGHAIDH EALÁSMABRAINCIACH

Maidir leis an scoirneach (*Mustelus asterias, Mustelus mustelus, Mustelus punctulatus*):

— measúnú a dhéanamh ar rátaí gabhála de thaisme (foghabháil) agus spriocdhírithe scoirneach sna hiascaigh uile, lena n-áirítear trálaeir pheiligeacha/mheánuisce ag spriocdhíriú ar pheiligigh bheaga;

— measúnú a dhéanamh ar rátaí marthanais scoirneach a ghabhtar mar fhoghabháil sna hiascaigh éagsúla;

— gnáthóga criticiúla scoirneach a shainaithint;

— réitigh teicneolaíochta iascaireachta a shainaithint chun foghabháil a laghdú agus rátaí marthanais iarscaoilte a mhéadú;

— aon bheart bainistíochta iascaigh atá i bhfeidhm a thiomsú, lena n-áirítear bearta spásúla, a d'fhéadfadh difear dearfach a dhéanamh do chaomhnú scoirneach, más ann dóibh; agus

— measúnú a dhéanamh ar éileamh tosaíochta an mhargaidh (intíre, onnmhairiú, etc.), más ann dó.

Maidir leis an siorc súisteála (*Alopias vulpinus*):

— measúnú a dhéanamh ar rátaí gabhála de thaisme (foghabháil) agus spriocdhírithe siorcanna súisteála sna hiascaigh uile;

— measúnú a dhéanamh ar rátaí marthanais siorcanna súisteála a ghabhtar mar fhoghabháil sna hiascaigh éagsúla;

— gnáthóga criticiúla siorcanna súisteála a shainaithint;

— réitigh teicneolaíochta iascaireachta a shainaithint chun foghabháil a laghdú agus rátaí marthanais iarscaoilte a mhéadú;

— aon bheart bainistíochta iascaigh atá i bhfeidhm a thiomsú, lena n-áirítear bearta spásúla, a d'fhéadfadh difear dearfach a dhéanamh do chaomhnú siorcanna súisteála, más ann dóibh; agus

— measúnú a dhéanamh ar éileamh tosaíochta an mhargaidh (intíre, onnmhairiú, etc.), más ann dó.

Maidir leis an siorc guaire (*Carcharhinus plumbeus*):

— measúnú a dhéanamh ar rátaí gabhála de thaisme (foghabháil) agus spriocdhírithe siorcanna guaire sna hiascaigh uile;

— measúnú a dhéanamh ar rátaí marthanais siorcanna guaire a ghabhtar mar fhoghabháil sna hiascaigh éagsúla;

— gnáthóga criticiúla siorcanna guaire a shainaithint;

— réitigh teicneolaíochta iascaireachta a shainaithint chun foghabháil a laghdú agus rátaí marthanais iarscaoilte a mhéadú;

— aon bheart bainistíochta iascaigh atá i bhfeidhm a thiomsú, lena n-áirítear bearta spásúla, a d'fhéadfadh difear dearfach a dhéanamh do siorcanna guaire, más ann dóibh; agus

— measúnú a dhéanamh ar éileamh tosaíochta an mhargaidh (intíre, onnmhairiú, etc.), más ann dó.

Maidir leis an siorc slogach (*Centrophorus granulosus*):

— measúnú a dhéanamh ar rátaí gabhála de thaisme (foghabháil) agus spriocdhírithe siorcanna slogacha sna hiascaigh uile;

— measúnú a dhéanamh ar rátaí marthanais siorcanna slogacha a ghabhtar mar fhoghabháil sna hiascaigh éagsúla;

— gnáthóga criticiúla siorcanna slogacha a shainaithint;

— réitigh teicneolaíochta iascaireachta a shainaithint chun foghabháil a laghdú agus rátaí marthanais iarscaoilte a mhéadú;

— aon bheart bainistíochta iascaigh atá i bhfeidhm a thiomsú, lena n-áirítear bearta spásúla, a d'fhéadfadh difear dearfach a dhéanamh do siorcanna slogacha, más ann dóibh; agus

— measúnú a dhéanamh ar éileamh tosaíochta an mhargaidh (intíre, onnmhairiú, etc.), más ann dó.

Maidir leis an siorc seacht ngeolbhach biorshrónach (*Heptranchias perlo*):

— measúnú a dhéanamh ar rátaí gabhála de thaisme (foghabháil) agus spriocdhírithe siorcanna seacht ngeolbhach biorshrónacha sna hiascaigh uile;

— measúnú a dhéanamh ar rátaí marthanais siorcanna seacht ngeolbhach biorshrónacha a ghabhtar mar fhoghabháil sna hiascaigh éagsúla;

— gnáthóga criticiúla siorcanna seacht ngeolbhach biorshrónacha a shainaithint;

— réitigh teicneolaíochta iascaireachta a shainaithint chun foghabháil a laghdú agus rátaí marthanais iarscaoilte a mhéadú;

— aon bheart bainistíochta iascaigh atá i bhfeidhm a thiomsú, lena n-áirítear bearta spásúla, a d'fhéadfadh difear dearfach a dhéanamh do siorcanna seacht ngeolbhach biorshrónacha, más ann dóibh; agus

— measúnú a dhéanamh ar éileamh tosaíochta an mhargaidh (intíre, onnmhairiú, etc.), más ann dó.

Maidir leis an bhfíogach gobach (*Squalus acanthias*):

— measúnú a dhéanamh ar rátaí gabhála de thaisme (foghabháil) agus spriocdhírithe fíogach gobach sna hiascaigh uile;

— measúnú a dhéanamh ar rátaí marthanais fíogach gobach a ghabhtar mar fhoghabháil sna hiascaigh éagsúla;

— gnáthóga criticiúla fíogach gobach a shainaithint;

— réitigh teicneolaíochta iascaireachta a shainaithint chun foghabháil a laghdú agus rátaí marthanais iarscaoilte a mhéadú;

— aon bheart bainistíochta iascaigh atá i bhfeidhm a thiomsú, lena n-áirítear bearta spásúla, a d'fhéadfadh difear dearfach a dhéanamh d'fhíogaigh ghobacha, más ann dóibh; agus

— measúnú a dhéanamh ar éileamh tosaíochta an mhargaidh (intíre, onnmhairiú, etc.), más ann dó.

Maidir leis an siorc gorm (*Prionace glauca*):

— measúnú a dhéanamh ar rátaí gabhála de thaisme (foghabháil) agus spriocdhírithe siorcanna gorma sna hiascaigh uile;

— measúnú a dhéanamh ar rátaí marthanais siorcanna gorma a ghabhtar mar fhoghabháil sna hiascaigh éagsúla;

— gnáthóga criticiúla siorcanna gorma a shainaithint;

— réitigh teicneolaíochta iascaireachta a shainaithint chun foghabháil a laghdú agus rátaí marthanais iarscaoilte a mhéadú;

— aon bheart bainistíochta iascaigh atá i bhfeidhm a thiomsú, lena n-áirítear bearta spásúla, a d'fhéadfadh difear dearfach a dhéanamh do siorcanna gorma, más ann dóibh; agus

— measúnú a dhéanamh ar éileamh tosaíochta an mhargaidh (intíre, onnmhairiú, etc.), más ann dó.

IARSCRÍBHINN XVIII

BEARTA MAOLÚCHÁIN

D'fhéadfadh na heilimintí seo a leanas atá le hoiriúnú de réir sainiúlachtaí gach iascaigh a bheith sna bearta maolúcháin:

— Trealamh iascaireachta a chur isteach istoíche mar rogha (1 uair an chloig amháin tar éis luí na gréine agus 1 uair an chloig amháin roimh bhreacadh an lae)

— Trealamh modhnaithe a úsáid in éineacht le hualú méadaithe. Spreagfar soithí chun cumraíochtaí trealaimh a fhorbairt lena n-íoslaghdaítear rioscaí d'idirghníomhaíocht éanlaithe mara le codanna den eangach, de na línte agus de na duáin dá bhfuil siad is leochailí

— Trealamh modhnaithe a úsáid ag a bhfuil líne scanraithe éan aonair ar a laghad agus sraoilleáin dhaite. Féadfaidh na sraoilleáin ar dhathanna geala a bheith gearr nó fada nó an dá rud. Moltar go gceanglófar sraoilleáin ghearra ar eatraimh 1 m agus sraoilleáin fhada ar eatraimh 5 m ar feadh réim aeir na líne. Maidir le soithí iascaireachta ar lú ná 35 mhéadar a bhfad foriomlán, ceanglófar an líne scanraithe éan ag airde 6 mhéadar ar a laghad agus áireofar léi réim aeir de 75 mhéadar, agus sraoilleáin ag baint dromchla an uisce amach gach 5 mhéadar feadh na gcéad 55 mhéadar den líne. Úsáidfear gaireas oiriúnach a tharraingítear chun tarraingt, an réim aeir a uasmhéadú agus chun an líne a choinneáil díreach taobh thiar den soitheach le linn crosghaoth

— Toirmeasc a chur ar urscaoileadh scairtí agus ábhar muirí aischurtha le linn lámhach agus tarraingt trealaimh iascaireachta. Déanfar eangacha agus cineálacha eile trealaimh iascaireachta a ghlanadh roimh shocrú chun aon rud a bhaint a d'fhéadfadh éanlaith mhara a mhealladh. Ina theannta sin, glacfaidh soithí nósanna imeachta lámhaigh agus tarraingthe lena n-íoslaghdaítear am ar snámh an trealaimh iascaireachta ar dhromchla an uisce. Ní dhéanfar na heangacha agus na cineálacha eile trealaimh a chothabháil, an oiread agus is féidir, nuair a bhíonn na heangacha nó an trealamh san uisce

— oiliúint thráthrialta a áirithiú le haghaidh scaoileadh iomchuí agus sábháilte eiseamal gafa

— Oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh ar bhealach ina dtéann na línte duáin nó na cáblaí faoin uisce a luaithe is féidir lasmuigh de raon éanlaithe mara nuair a chuirtear san uisce iad

— Líne scanraithe éan a úsáid le linn an trealamh iascaireachta a shocrú chun éanlaith mhara a dhíspreagadh ó theacht chuig na línte duáin nó na cáblaí trálaeireachta

— Úsáid gaireas eisiamh éan a spreagadh chun éanlaith mhara a dhíspreagadh ó bheith ar thóir foráiste ar bhaoití le linn spiléir a tharraingt

— A ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go scaoilfear saor ina mbeatha éanlaith mhara a ghabhtar beo le linn oibríochtaí iascaireachta agus go mbainfear na duáin go sábháilte, más gá, gan beatha na n-éan a chur i mbaol.

IARSCRÍBHINN XIX

LIOSTA FAISNÉISE MIONSONRAITHE FAOIN SOITHEACH ATÁ AG IASCAIREACHT SNA LIMISTÉIR SHRIANTA IASCAIGH

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar an liosta, i dtaca le gach soitheach agus gach limistéar srianta iascaigh:

— Ainm an tsoithigh (i gcarachtair Laidineacha)

— Uimhir chlárúcháin náisiúnta: an cód lena léirítear aitheantóir oifigiúil an tsoithigh mar a thuairiscítear sa chlár cabhlaigh náisiúnta (teaghrán alfa-uimhriúil)

— Uimhir chlárúcháin CGIM (cód alfa ISO 3 tíre + 9 ndigit, e.g. xxx000000001)

— Uimhir IMO nó uimhir mharcála sheachtrach

— Údarás clárúcháin: ainm an údaráis a d'eisigh clárú an tsoithigh

— Ainm an Limistéir Shrianta Iascaigh

— Ainm a bhí air roimhe (más ann dó)

— Bratach a bhí aige roimhe seo (más ann di)

— Mionsonraí ar scriosadh ó chláir eile roimhe (más ann dóibh)

— Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió (más ann dó)

— Cineál soithigh, fad foriomlán agus olltonnáiste

— Príomhthrealamh a úsáidtear chun iascaireacht a dhéanamh i gcrios B den limistéar srianta iascaigh

— Spriocspeicis

— Tréimhse shéasúrach údaraithe le haghaidh iascaireachta sa limistéar srianta iascaigh: ó LL/MM/BBBB go LL/MM/BBBB agus an trealamh lena mbaineann

— An líon laethanta iascaireachta ceadaithe do gach soitheach

— An líon laethanta iascaireachta arna n-oibriú ag an soitheach i gcrios B den Limistéar Srianta Iascaigh le linn na bliana.

IARSCRÍBHINN XX

FAISNÉIS ATÁ LE HÁIREAMH I NDEARBHÚ TRASLOINGSITHE CGIM

Gné	Soitheach deontóra	Soitheach glactha
1. Ainm an tsoithigh		
2. An Stát brataí		
3. An Cineál soithigh (ISSCFV)		
4. Uimhir aitheantais IMO, más incháilithe		
5. Uimhir aitheantais sheachtrach, más infhaighte		
6. Uimhir aitheantais chlárúcháin murab ionann í agus an uimhir aitheantais sheachtrach		
7. Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió, más infhaighte		
8. Uimhir aitheantais na seirbhíse muirí soghluaiste, más ann di		
9. Faisnéis faoi úinéir/chuideachta an tsoithigh		
Ainm		
Seoladh		
Sonraí teagmhála (ríomhphost agus uimhir theileafóin)		
10. Sonraí teagmhála an tsoithigh		
Ainm an mháistir		
Náisiúntacht		
Uimhir theileafóin		
Ríomhphost		

Gné	Soitheach deontóra	Soitheach glactha
11. Aitheantóir an údaraithe trasloingsithe, más ann dó		
12. Údarú trasloingsithe arna eisiúint ag		
13. Tréimhse bhailíochta an údaraithe trasloingsithe		

14. Am agus dáta an trasloingsithe

Tús (uair an chloig/lá/mí/bliain)		
Deireadh (uair an chloig/lá/mí/bliain)		
15. Suíomh an trasloingsithe calafort/suíomh ar muir (domhanleithead/domhanfhad.)		
16. Cainníochtaí ar bord roimh thrasloingsiú	Soitheach deontóra	Soitheach glactha
Limistéar gabhála (limistéir ghabhála)		
Speiceas (cóid EBT/ASFIS)		
Foirm an táirge (cineál caomhnaithe agus cur i láthair)		
Cainníocht (meáchan)		

Gné	Soitheach deontóra	Soitheach glactha
17. Éisc thrasloingsithe	Soitheach deontóra	Soitheach glactha
Limistéar gabhála (limistéir ghabhála)		
Speiceas (cóid EBT/ASFIS)		
Foirm an táirge (cineál caomhnaithe agus cur i láthair)		
Cainníocht (meáchan)		
18. Síniú	Soitheach deontóra	Soitheach glactha
Síniú an mháistir		

IARSCRÍBHINN XXI

SPEICIS ATÁ FAOI THOIRMEASC

Mamaigh mhuirí (gach speiceas)
Éin mhuirí (gach speiceas)
Reiptílí muirí (gach speiceas)
Speicis atá liostaithe i bhFoscríbhinní I agus II faoin gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES)
Speicis atá liostaithe i bhFoscríbhinní I agus II faoin gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CMS)
Speicis atá liostaithe in Iarscríbhinn II faoi Phrótacal SPA/BD a ghabhann le Coinbhinsiún Barcelona
Speicis mhuirí atá faoi chosaint faoi reachtaíocht na mBallstát
Speicis mhuirí a bhfuil toirmeasc sonrach orthu le haghaidh iascaireacht áineasa faoi reachtaíocht na mBallstát

IARSCRÍBHINN XXII

FAISNÉIS ATÁ LE TUAIRISCIÚ MAIDIR LE GABHÁLACHA DE THAISME ÉANLAITHE MARA

— Uimhir Eagraíochta Muirí Idirnáisiúnta an tsoithigh iascaireachta, dáta, am agus suíomh na gabhála, méid thomhaiste na n-eiseamal a ghabhtar marbh agus méid mheasta na n-eiseamal a ghabhtar beo;

— básmhaireacht éanlaithe mara de thaisme atá bainteach le gach iascach, mionsonraí faoi speiceas na héanlaithe mara lena mbaineann agus meastacháin ar bhásmhaireacht iomlán éanlaithe mara (ar leibhéal dhronuilleog staidrimh FLG nó CGIM, más féidir);

— bearta atá i bhfeidhm i ngach iascach chun básmhaireacht éanlaithe mara de thaisme a laghdú nó a dhíothú agus a mhéid atá na bearta sin deonach nó sainordaitheach, mar aon le measúnú ar a n-éifeachtacht; agus

— cláir breathnóirí eolaíocha lena soláthraítear cumhdach breise spásúil agus ama iascach lena gceadaítear meastachán cruinn ó thaobh staidrimh de maidir le gabháil éanlaithe mara de thaisme atá bainteach le gach iascach.

IARSCRÍBHINN XXIII

Réimsí sonraí éigeantacha maidir le soithí iascaireachta i dtaifead CGIM i dtaca le soithí iascaireachta ar mó ná 15 mheadar a bhfad foriomlán atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar chur i bhfeidhm CGIM

Réimsí sonraí	Stádas rúndachta sonraí
Tír	P
Bliain tagartha	P
Údarás clárúcháin	P
Ainm an tsoithigh i gcarachtair Laidineacha	P
Ainm an tsoithigh a bhí ann roimhe (más ann dó)	P
Uimhir chlárúcháin náisiúnta	P
Uimhir chlárúcháin an tsoithigh	P
Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió (IRCS) (más infheidhme)	P
Uimhir aitheantais na seirbhíse muirí soghluaiste (MMSI) (más infheidhme)	P
Uimhir na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) (más infheidhme)	P
Stádas oibríochtúil (táscaire gníomhaíochta)	P
Calafort clárúcháin	P
Bliain tosaigh dul i mbun gníomhaíocht iascaireachta (más ann dí)	P
Údarú chun iascaireacht a dhéanamh (táscaire ceadúnais)	P
Fo-limistéar geografach (FLG) (príomh-FLG)	P

Réimsí sonraí	Stádas rúndachta sonraí
Limistéar staidrimh iascaireachta tánaisteach (FLG) (más ann dó)	P
Limistéar staidrimh iascaireachta treasach (FLG) (más ann dó)	P
Cineál soithigh (e.g. trálaer, bád spliéireachta)	P
Príomhthrealamh iascaireachta	P
Trealamh iascaireachta tánaisteach	P
Trealamh iascaireachta treasach (más ann dó)	P
Fad foriomlán (LOA)	P
Olltonnáiste	P
Bliain tógála	P
Cumhacht an phríomhinnill (kW)	P
Úinéir (ainm agus seoladh)	R
Oibreoir (ainm agus seoladh) (más éagsúil ón úinéara)	R
An t-íoslíon ball den chriú	R
An t-uaslíon ball den chriú	R
Táscaire an chórais um fhaireachán soithí (VMS) (láithreacht/éagmais)	P
Údarú chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar srianta iascaigh, ainm an limistéir shrianta iascaigh (mar a ghlac CGIM)	P

IARSCRÍBHINN XXIV

DEIMHNIÚ GABHÁLA LE HAGHAIDH SCÉIM CGIM UM DHOICIMÉADÚ GABHÁLA TURBARD

Deimhniú Gabhála le hAghaidh Scéim Páipéarbhunaithe um Dhoiciméadú Gabhála Turbard in FLG 29

Uimhir an doiciméid gabhála	Údarás bailíochtúcháin	
1. Ainm mháistir an tsoithigh iascaireachta	Seoladh – uimhir theileafóin / facs / ríomhphost	
Síniú agus stampa an mháistir soithigh iascaireachta		
2. Ainm agus Uimh. chlárúcháin an tsoithigh	Calafort na brataí agus baile	Comhartha aitheantais/IMO (i gcás inarb infheidhme)
	Inmarsat/facs/uimhir theileafóin/ríomhphost	
3. An calafort		
	An calafort imeachta agus an tír	An calafort ina ndéantar an ghabháil a thabhairt i dtír agus an tír
4. Máistir an tsoithigh iascaireachta	Ainm	
	Seoladh	
	Teil/facs/ríomhphost	
Uimhir an cheadúnais iascaireachta – bailí go dtí an (dáta)	Uimhir údaraithe iascaireachta turbard – bailí go dtí an (dáta)	Síniú an tsealbhóra
5. Limistéar na gabhála (comhordanáidí domhanfhaid, domhanleithid) / Dáta na gabhála	Beomheáchan measta (kg)	Meáchan tuirlingthe fíoraithe (kg)
a.		
b.		
c.		

IARSCRÍBHINN XXV

Athróga sonraí atá le cur faoi bhráid Rúnaíocht CGIM de réir na treorach ó CCE agus i gcomhréir le lámhleabhar an Chreata Tagartha maidir le Bailiú Sonraí (DCRF) de chuid CGIM, lena n-áirítear sainmhínithe allamuigh

Réimsí sonraí	Éigeantach (X)	Stádas rúndachta sonraí (*)
Tír	X	P
Bliain tagartha	X	P
Tréimhse iascaireachta	X	P
Folimistéar geografach (FLG)	X	P
Gabhálacha iomlán	X	P
Líon na soithí	X	P
Iomlán olltonnáiste na soithí		P
Raon faid na soithí (m)		P
Meánfhad na soithí (m)		P
Líon iomlán FADanna de réir cineáil	X	L
Líon iomlán na dturas iascaireachta de réir cineáil	X	L
An líon FADanna a spriocdhírítear orthu in aghaidh an turais iascaireachta, de réir cineáil	X	L
An líon FADanna a dtugtar cuairt orthu in aghaidh an turais iascaireachta, de réir cineáil	X	L

Réimsí sonraí	Éigeantach (X)	Stádas rúndachta sonraí (*)
Meánmhéid na n-iasc a ghabhtar le linn an tséasúir iascaireachta		L
Córas bailithe agus próiseála sonraí maidir le gabhálacha agus iarracht iascaireachta		L
Trasloingsiú		L

(*) I gcomhréir le beartas agus nósanna imeachta rúndachta sonraí CGIM, sainaithnítear leis an “stádas rúndachta sonraí” na critéir ar leibhéal rochtana chun sonraí a scaipeadh: poiblí (P), leathphríobháideach (L) nó príobháideach (R).’.